Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 2 Meitheamh 2026**
**(OR. fr)**

**9909/26**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0133 (NLE)**

**AELE 32**
**CH 18**
**AGRILEG 142**
**VETER 82**
**AGRI 440**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 1 Meitheamh 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 259 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann leis an<br>Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste Tréidliachta a bunaíodh leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta a bhaineann le Cinneadh Uimh. 1/2026 maidir le leasuithe ar Fhoscríbhinní 1, 2, 3, 5, 6 agus 10 a ghabhann le hIarscríbhinn 11 a ghabhann leis an gComhaontú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 259 annex.

---

Faoi iamh: COM(2026) 259 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 1.6.2026
COM(2026) 259 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh**

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste Tréidliachta a bunaíodh leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta a bhaineann le Cinneadh Uimh. 1/2026 maidir le leasuithe ar Fhoscríbhinní 1, 2, 3, 5, 6 agus 10 a ghabhann le hIarscríbhinn 11 a ghabhann leis an gComhaontú**

**Dréacht**

**CINNEADH UIMH. 1/2026 ÓN gCOMHCHOISTE TRÉIDLIACHTA ARNA CHUR AR BUN LEIS AN gCOMHAONTÚ IDIR AN COMHPHOBAL EORPACH AGUS CHÓNAIDHM NA hEILVÉISE MAIDIR LE TRÁDÁIL I dTÁIRGÍ TALMHAÍOCHTA**

**an …**

**maidir le leasuithe ar Fhoscríbhinní 1, 2, 3, 5, 6 agus 10 a ghabhann le hIarscríbhinn 11 a ghabhann leis an gComhaontú**

AN COMHCHOISTE TRÉIDLIACHTA,

Ag féachaint don Chomhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta[1], agus go háirithe Airteagal 19(3) d'Iarscríbhinn a ghabhann leis,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta ('an Comhaontú' anseo feasta) i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2002.

(2) Faoi Airteagal 19(1) d'Iarscríbhinn 11 a ghabhann leis an gComhaontú Talmhaíochta, tá an Comhchoiste Tréidliachta a bunaíodh leis an gComhaontú Talmhaíochta ('an Comhchoiste Tréidliachta') freagrach as breithniú a dhéanamh ar aon ábhar a thagann chun cinn i dtaca leis an Iarscríbhinn sin agus lena cur chun feidhme, agus as na cúraimí dá bhforáiltear inti a dhéanamh. Le hAirteagal 19(3) d'Iarscríbhinn 11, údaraítear don Chomhchoiste Tréidliachta na Foscríbhinní a ghabhann leis an Iarscríbhinn sin a leasú, go háirithe d'fhonn iad a oiriúnú agus a thabhairt cothrom le dáta.

(3) Le Cinneadh Uimh. 2/2003 ón gComhchoiste Tréidliachta[2], leasaíodh Foscríbhinní 1, 2, 3, 4, 5, 6 agus 11 a ghabhann le hIarscríbhinn 11 a ghabhann leis an gComhaontú Talmhaíochta den chéad uair.

---

[1] IO L 114, 30.4.2002, lch. 132.

[2] Cinneadh Uimh. 2/2003 ón gComhchoiste Tréidliachta a bunaíodh leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta an 25 Samhain 2003 lena leasaítear

(4) Is le Cinneadh Uimh. 1/2018 ón gComhchoiste Tréidliachta [3] a leasaíodh Foscríbhinn 6 a ghabhann le hIarscríbhinn 11 a ghabhann leis an gComhaontú Talmhaíochta go deireanach.

(5) Le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] leasaítear agus aisghairtear roinnt téacsanna atá ábhartha d'Iarscríbhinn 11 a ghabhann leis an gComhaontú Talmhaíochta. Rinneadh na bearta sláinte ainmhithe dá bhforáiltear i reachtaíocht na hEilvéise a mheasúnú agus aithnítear iad a bheith coibhéiseach le reachtaíocht an Aontais Eorpaigh. Rinneadh an measúnú ar an gcoibhéis sin agus na gníomhartha dlí uile atá bunaithe ar reachtaíocht maidir le sláinte ainmhithe á gcur san áireamh. Dá bhrí sin, ba cheart gach tagairt do na bearta sláinte ainmhithe i bhFoscríbhinní 1, 2, 3, 5, 6 agus 10 a ghabhann le hIarscríbhinn 11 a ghabhann leis an gComhaontú Talmhaíochta a leasú.

(6) I bhfianaise na coibhéise aitheanta maidir le sláinte ainmhithe, déanfar an t-aitheantas do stádas saor ó ghalair a shimpliú chun dlús a chur leis ionas go bhféadfaí bainistiú níos fearr ar ghalair trasteorann a dhéanamh.

(7) I bhfianaise na bhforbairtí comhleanúnacha a bhaineann le hábhar sonraithe riosca agus le húsáid próitéine ainmhíche i mbeatha ainmhithe neamh-athchogantacha cé is moite d'ainmhithe fionnaidh, déantar na forálacha maidir le heinceifileapaití spúinseacha in-tarchurtha áirithe a chosc, a rialú agus a dhíothú a thabhairt cothrom le dáta agus a shimpliú i bhFoscríbhinní 1 agus 6 a ghabhann le hIarscríbhinn 11 a ghabhann leis an gComhaontú Talmhaíochta.

---

Foscríbhinní 1, 2, 3, 4, 5, 6 agus 11 a ghabhann le hIarscríbhinn 11 a ghabhann leis an gComhaontú (2004/78/CE) (IO L 23, 28.1.2004, lch. 27).

[3] Cinneadh Uimh. 1/2018 ón gComhchoiste Tréidliachta a bunaíodh leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta an 12 Meitheamh 2018 lena leasaítear Foscríbhinn 6 a ghabhann le hIarscríbhinn 11 a ghabhann leis an gComhaontú [2020/554/AE] (IO L 127, 22.4.2020, lch. 26, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/oj).

[4] Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') (IO L 87, 31.3.2016, lch. 1, (IO L 84, 31.3.2006, lgh. 1-208, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/oj)

(8) Le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5], leasaítear agus aisghairtear roinnt téacsanna a bhfuil tábhacht ag baint leo maidir le hIarscríbhinn 11 a ghabhann leis an gComhaontú, go háirithe maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/429. Thairis sin, ón 1 Eanáir 2009 i leith, ceanglais an Aontais Eorpaigh maidir leis na rialuithe oifigiúla arna ndéanamh chun a áirithiú go gcomhlíonfar an reachtaíocht maidir le hainmhithe agus táirgí de bhunadh ainmhíoch, mar aon leis na forálacha uile arna nglacadh lena gcur chun feidhme i réimse an rialaithe ar allmhairí ó thríú tíortha isteach san Aontas Eorpach, rinne an Eilvéis iad a ionchorprú ina reachtaíocht náisiúnta. Dá bhrí sin, ba cheart gach tagairt do rialuithe oifigiúla a bhaineann le rialacha sláinte ainmhithe agus rialuithe ar allmhairí ó thríú tíortha, a leagtar amach i bhFoscríbhinní 1, 2, 3, 5, 6 agus 10 a ghabhann le hIarscríbhinn 11 a ghabhann leis an gComhaontú, a leasú.

(9) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715 ón gCoimisiún[6]; Leis sin, rinneadh roinnt gníomhartha a bhí ann roimhe seo a thabhairt le chéile, a chuíchóiriú agus a ionadú, ar gníomhartha iad lena leagadh síos forálacha ar leithligh maidir leis na hardáin TF éagsúla agus atá anois ina gcomhpháirteanna den chóras bainistíochta faisnéise ríomhairithe le haghaidh rialuithe oifigiúla (CBFRO). Chun comhar riaracháin idir na páirtithe a éascú agus chun malartuithe rianúil faisnéise maidir le rialuithe oifigiúla a ráthú idir an Coimisiún Eorpach, údaráis inniúla na mBallstát agus údaráis inniúla na hEilvéise, ba cheart an Eilvéis a chomhtháthú go hiomlán i gcóras CBFRO. Ba cheart don Eilvéis pointe teagmhála a ainmniú chun na críche sin; Dá bhrí sin, ba cheart gach tagairt don chóras bainistíochta faisnéise le haghaidh rialuithe oifigiúla i bhFoscríbhinní 1, 5, 6 agus 10 a ghabhann le hIarscríbhinn 11 a ghabhann leis an gComhaontú Talmhaíochta a leasú.

---

5 Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) (IO L 95, 7.4.2017, lgh. 1–142). http://data.europa.eu/eli/reg/2017/625/2025-01-05)

6 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715 ón gCoimisiún an 30 Meán Fómhair 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le feidhmiú an chórais bainistíochta faisnéise le haghaidh rialuithe oifigiúla agus sonraíochtaí comhpháirteanna a chórais (Rialachán CBFRO) (IO L 261, 14.10.2019, lch. 37, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/1715/oj)

(10) Is bunchloch í úsáid stuama a bhaint as ábhair fhrithmhiocróbacha chun dul i ngleic le frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha (FSFM). Tá an Eilvéis agus an tAontas Eorpach ag plé le pleananna gníomhaíochta 'Aon Sláinte Amháin' chun FSFM a chomhrac.

Cuirfidh an Eilvéis na forálacha céanna i bhfeidhm agus a leagtar amach in Airteagal 107 (cé is moite de mhír 6), i gcomhar le hAirteagal 37(5) de Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7], a mhéid a bhaineann leis na rialacha maidir le húsáid táirgí íocshláinte frithmhiocróbacha in ainmhithe táirgiúla, leis an toirmeasc ar úsáid ábhar frithmhiocróbach ainmnithe nó grúpaí ábhar frithmhiocróbach arna bhforchoimeád chun ionfhabhtuithe áirithe i ndaoine a chóireáil in ainmhithe táirgiúla, agus le rialuithe ar allmhairí ainmhithe agus táirgí de bhunadh ainmhíoch de thionscnamh tríú tíortha. Dá bhrí sin, féadfar trádáil in ainmhithe agus i dtáirgí de bhunadh ainmhíoch idir an Eilvéis agus an tAontas Eorpach a dhéanamh gan deimhniú oifigiúil a bheith ag gabháil leo chun comhlíonadh na srianta is infheidhme maidir le húsáid táirgí íocshláinte frithmhiocróbacha a léiriú. Ba cheart na forálacha sin a chur le Foscríbhinní 2, 3, 5, 6 agus 10 a ghabhann le hIarscríbhinn 11 a ghabhann leis an gComhaontú Talmhaíochta.

(11) Ba cheart Foscríbhinní 1, 2, 3, 5, 6 agus 10 a ghabhann le hIarscríbhinn 11 a ghabhann leis an gComhaontú Talmhaíochta a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[7] Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le táirgí íocshláinte tréidliachta agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/82/CE (IO L 4, 7.1.2019, lch. 43, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/6/oj)

*Airteagal 1*

Leasaítear Foscríbhinní 1, 2, 3, 5, 6 agus 10 a ghabhann le hIarscríbhinn 11 a ghabhann leis an gComhaontú Talmhaíochta i gcomhréir le hIarscríbhinní I go VI a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar lá a ghlactha.

Beidh feidhm aige ón 1 Meán Fómhair 2026.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an [...]

| *Thar cheann Chónaidhm na hEilvéise* | *Thar ceann an Aontais Eorpaigh* |
|---|---|
| An Ceann Toscaireachta | An Ceann Toscaireachta |

**IARSCRÍBHINN I**

Cuirfear an méid seo a leanas in ionad Fhoscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn 11 a ghabhann leis an gComhaontú Talmhaíochta:

'Foscríbhinn 1

Bearta rialaithe/fógra a thabhairt maidir le galair

I. Galair ainmhithe talún

A. REACHTAÍOCHT*

* Mura léirítear a mhalairt, ciallóidh aon tagairt do ghníomh an gníomh sin arna leasú roimh an 31 Nollaig 2025.

| An tAontas Eorpach | An Eilvéis |
|---|---|
| 1. Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') (IO L 84, 31.3.2016, lgh. 1-208) agus na gníomhartha tarmligthe agus na gníomhartha cur chun feidhme atá bunaithe ar an Rialachán seo arna nglacadh faoin 31 Nollaig 2025;<br>2. Le haghaidh forálacha maidir le rialuithe oifigiúla arna ndéanamh ag na húdaráis inniúla chun comhlíonadh na rialacha maidir leis an slabhra agraibhia a bhaineann le sláinte ainmhithe a fhíorú:<br>Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus Rialachán (CE) | 1. Dlí an 1 Iúil 1966 maidir le galair eipeasótacha (LFE; RS 916.40);<br>2. Reacht an 27 Meitheamh 1995 maidir le galair eipeasótacha (OFE; RS 916.401);<br>3. Reacht an 28 Meitheamh 2000 maidir le heagrú na Roinne Cónaidhme Gnóthaí Baile (Org DFI; RS 172.212.1), agus go háirithe Airteagal 12 de;<br>4. Reacht an 25 Bealtaine 2011 maidir le seachtháirgí ainmhithe (OSPA; RS 916.441.22). |

| An tAontas Eorpach | An Eilvéis |
|---|---|
| Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla), (IO L 95, 7.4.2017, lgh. 1-142). | |

B. RIALACHA CUR CHUN FEIDHME

1. Tabharfaidh an Coimisiún agus an Oifig Chónaidhme um Shábháilteacht Bia agus Tréidliachta fógra dá chéile faoi aon rún vacsaínithe éigeandála a dhéanamh. I gcásanna fíoréigeandála, féadfar an cinneadh a rinneadh agus na rialacha agus na nósanna imeachta lena rialaítear a chur chun feidhme a chumhdach leis an bhfógra a thugtar. I ngach cás, ní mór comhairliúcháin a reáchtáil a luaithe is féidir laistigh den Chomhchoiste Tréidliachta.

2. Foilseofar liosta shaotharlanna tagartha an Aontais Eorpaigh ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh, i gcomhréir le hAirteagal 99 de Rialachán (AE) 2017/625.

   Íocfaidh an Eilvéis na costais a bhfuil sí faoi dhliteanas ina leith as oibríochtaí a dhéanann na saotharlanna sa cháil thuas. Is iad feidhmeanna agus cúraimí na saotharlann sin na feidhmeanna agus na cúraimí sin a leagtar síos in Airteagal 94 de Rialachán (AE) 2017/625.

   Foilseofar an liosta de shaotharlanna tagartha náisiúnta le haghaidh na hEilvéise ar shuíomh gréasáin na hOifige Cónaidhme um Shábháilteacht Bia agus um Thréidliacht.

3. Is faoi fhreagracht an Chomhchoiste Tréidliachta a dhéantar cigireachtaí, go háirithe i gcomhréir le hAirteagal 116 de Rialachán (AE) 2017/625 agus le hAirteagal 57 den Dlí maidir le galair eipeasótacha.

## II. Galair éisc agus moileasc

### A. REACHTAÍOCHT*

* Mura léirítear a mhalairt, ciallóidh aon tagairt do ghníomh an gníomh sin arna leasú roimh an 31 Nollaig 2025.

| An tAontas Eorpach | An Eilvéis |
|---|---|
| 1. Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') (IO L 84, 31.3.2016, lgh. 1–208) agus na gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme bunaithe ar an Rialachán seo arna nglacadh faoin 31 Nollaig 2025;<br>2. Le haghaidh forálacha maidir le rialuithe oifigiúla arna ndéanamh ag na húdaráis inniúla chun comhlíonadh na rialacha maidir leis an slabhra agraibhia a bhaineann le sláinte ainmhithe a fhíorú:<br>Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, | 1. Dlí an 1 Iúil 1966 maidir le galair eipeasótacha (LFE; RS 916.40);<br>2. Reacht an 27 Meitheamh 1995 maidir le galair eipeasótacha (OFE; RS 916.401) |

| | |
|---|---|
| 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) (IO L 95, 7.4.2017, lgh. 1–142). | |

## B. RIALACHA CUR CHUN FEIDHME

1. Níl feirmeoireacht oisrí leathana á cleachtadh san Eilvéis faoi láthair. Má thagann cásanna bonamóise nó martalóise chun cinn, gabhann an Oifig Chónaidhme um Shábháilteacht Bia agus Tréidliachta uirthi féin na bearta éigeandála is gá a ghlacadh i gcomhréir le rialacha an Aontais ar bhonn Airteagal 57 den Ghníomh maidir le galair eipeasótacha.

2. D'fhonn galair a dhéanann difear d'éisc agus moilisc a chomhrac, cuirfidh an Eilvéis an Reacht maidir le galair eipeasótacha i bhfeidhm, go háirithe Airteagal 61 (oibleagáidí léasóirí ceart iascaireachta agus comhlachtaí atá freagrach as faireachán a dhéanamh ar an iascaireacht), Airteagail 62 go 76 (bearta ginearálta chun galar a chomhrac), Airteagail 277 go 290 (bearta sonracha a bhaineann le galair éisc, saotharlann dhiagnóiseach) agus Airteagal 291 (galair eipeasótacha a bhfuil faireachán le déanamh orthu).

3. Foilseofar liosta shaotharlanna tagartha an Aontais Eorpaigh ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh, i gcomhréir le hAirteagal 99 de Rialachán (AE) 2017/625.
Íocfaidh an Eilvéis na costais a bhfuil sí faoi dhliteanas ina leith as oibríochtaí a dhéanann na saotharlanna sa cháil thuas. Is iad feidhmeanna agus cúraimí na saotharlann sin na feidhmeanna agus na cúraimí sin a leagtar síos in Airteagal 94 de Rialachán (AE) 2017/625.
Foilseofar an liosta de shaotharlanna tagartha náisiúnta le haghaidh na hEilvéise ar shuíomh gréasáin na hOifige Cónaidhme um Shábháilteacht Bia agus um Thréidliacht.

4. Is faoi fhreagracht an Chomhchoiste Tréidliachta a dhéantar cigireachtaí, go háirithe i gcomhréir le hAirteagal 116 de Rialachán (AE) 2017/625 agus le hAirteagal 57 den Dlí maidir le galair eipeasótacha.

III. Einceifileapaití Spúinseacha In-Tarchurtha

A. REACHTAÍOCHT*

* Mura léirítear a mhalairt, ciallóidh aon tagairt do ghníomh an gníomh sin arna leasú roimh an 31 Nollaig 2025.

| An tAontas Eorpach | An Eilvéis |
|---|---|
| 1. Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2001 lena leagtar síos rialacha maidir le heinceifileapaití spúinseacha in-tarchurtha áirithe a chosc, a rialú agus a dhíothú (IO L 147, 31.5.2001, lch. 1).<br>2. Le haghaidh forálacha maidir le rialuithe oifigiúla arna ndéanamh ag na húdaráis inniúla chun comhlíonadh na rialacha maidir leis an slabhra agraibhia a bhaineann le sláinte ainmhithe a fhíorú:<br>Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le | 1. Reacht an 18 Samhain 2015 lena rialaítear trádáil le tríú tíortha a bhaineann le hallmhairiú, idirthuras agus onnmhairiú ainmhithe agus táirgí ainmhithe (OITE-PT; RS 916.443.10);<br>2. Reacht DFI an 18 Samhain 2015 lena rialaítear trádáil le tríú tíortha a bhaineann le hallmhairiú, idirthuras agus onnmhairiú ainmhithe agus táirgí ainmhithe (OITE-PT-DFI; RS 916.443.106);<br>3. Reacht an 18 Samhain 2015 lena rialaítear trádáil a bhaineann le hallmhairiú, idirthuras agus onnmhairiú ainmhithe agus táirgí ainmhithe le Ballstáit den Aontas Eorpach, leis an Íoslainn, leis an Iorua agus le Tuaisceart Éireann (OITE-AE; RS 916.443.11);<br>4. Reacht DFI an 18 Samhain 2015 lena rialaítear trádáil a bhaineann le hallmhairiú, idirthuras agus onnmhairiú ainmhithe agus táirgí ainmhithe le Ballstáit an Aontais, leis an Íoslainn, leis an Iorua agus le Tuaisceart Éireann (OITE-AE-DFI; RS 916.443.111);<br>5. Dlí Cónaidhme an 20 Meitheamh 2014 maidir le hearraí bia agus táirgí tomhaltais (Dlíthe maidir le hearraí bia, LDAl; RS 817.0), agus go háirithe Airteagal 30 (rialú agus sampláil) agus Airteagal 31 (cigireacht ar ainmhithe roimh mharú agus cigireacht feola) de;<br>6. Reacht DFI an 16 Nollaig 2016 maidir le hearraí bia de bhunadh ainmhíoch (RS 817.022.108), go háirithe Airteagal 5 (codanna atá mí-oiriúnach lena gcaitheamh) de;<br>7. Reacht an 27 Meitheamh 1995 maidir le galair eipeasótacha (OFE; RS 916.401), agus go háirithe Airteagal 3 (aicmiú einceifileapaite spúinseach bólachta agus scráibeach mar ghalair |

GA GA

| An tAontas Eorpach | An Eilvéis |
|---|---|
| Rialuithe Oifigiúla) (IO L 95, 7.4.2017, lgh. 1–142). | eipeasótacha atá le díothú), Airteagal 6 (sainmhínithe agus giorrúcháin), Airteagal 34 (paitinn), Airteagal 61 (oibleagáid tuairiscithe), Airteagal 79 (faireachas ar bheostoc na hEilvéise), Airteagal 175 go hAirteagal 181 (einceifileapaití spúinseacha in-tarchurtha), Airteagal 297 (cur chun feidhme inmheánach), Airteagal 301 (dualgais thréidlia an chantúin), Airteagal 302 (tréidlia oifigiúil) agus Airteagal 312 (saotharlanna diagnóiseacha) de;<br>8. Reacht DEFR an 26 Deireadh Fómhair 2011 maidir le beatha ainmhithe, breiseáin bheatha agus beatha dhiaitéiteach a tháirgeadh agus a chur i gcúrsaíocht (OLALA; RS 916.307.1), agus go háirithe Airteagal 21 (lamháltas, sampláil, modhanna anailíse agus iompar), Iarscríbhinn 1.2, Uimh. 15 (táirgí ainmhithe talún), Uimh. 16 (iasc, ainmhithe muirí eile, a dtáirgí agus a seachtháirgí), agus Iarscríbhinn 4.1 (substaintí a bhfuil a gcúrsaíocht agus a n-úsáid srianta nó toirmiscthe);<br>9. Reacht an 25 Bealtaine 2011 maidir le seachtháirgí ainmhithe (OSPA; RS 916.441.22);<br>10. Reacht DFI maidir le seachtháirgí ainmhithe a úsáid mar bheatha ainmhithe nó mar leasachán (OUSPA) an 26 Samhain 2025. |

B. RIALACHA CUR CHUN FEIDHME

1. Foilseofar Saotharlann Tagartha an Aontais Eorpaigh um Einceifileapaití Spúinseacha In-tarchurtha (ESITanna) ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh.
Íocfaidh an Eilvéis na costais a bhfuil sí faoi dhliteanas ina leith as oibríochtaí a dhéanann an tsaotharlann sa cháil sin. Is mar a leagtar síos in Airteagal 94 de Rialachán (AE) 2017/625 a bheidh feidhmeanna agus cúraimí na saotharlainne sin.
Foilseofar saotharlann tagartha náisiúnta na hEilvéise ar shuíomh gréasáin na hOifige Cónaidhme um Shábháilteacht Bia agus um Thréidliacht.

2. De bhun Airteagal 57 den Dlí maidir le galair eipeasótacha, bhunaigh an Eilvéis plean éigeandála chun bearta a chur chun feidhme chun ESITanna a chomhrac.

3. Faoi Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 999/2001, cuirfear srian oifigiúil ar ghluaiseacht aon ainmhí a bhfuil amhras ann go bhfuil sé ionfhabhtaithe le ESIT i mBallstáit den Aontas Eorpach go dtí go mbeifear ar an eolas faoi thorthaí scrúdaithe chliniciúil agus eipidéimeolaíochta arna dhéanamh ag an údarás inniúil, nó go marófar iad chun críocha scrúdaithe saotharlainne faoi rialú oifigiúil.

I gcomhréir le hAirteagail 179*b* agus 180*a* den Reacht maidir le galair eipeasótacha, tá toirmeasc curtha ag an Eilvéis ar mharú ainmhithe a bhfuil amhras ann go bhfuil siad ionfhabhtaithe le ESIT. Ní mór ainmhithe a bhfuil amhras fúthu a mharú gan fuil a dhoirteadh agus iad a loscadh, agus ní mór anailís a dhéanamh ar a n-inchinn i saotharlann tagartha na hEilvéise le haghaidh ESITanna.

Faoi Airteagal 10 den Reacht maidir le galair eipeasótacha, tá córas aitheantais aonfhoirmeach tugtha isteach ag an Eilvéis le haghaidh bó-ainmhithe lenar féidir iad a rianú siar go dtí an mháthair agus an tréad tionscnaimh agus lenar féidir a shuí nach sliocht iad d'ainmhithe baineanna a bhfuil amhras ESB fúthu ná de bhó-ainmhithe a bhfuil ESB deimhnithe.

De bhun Airteagal 179c den Reacht maidir le galair eipeasótacha, maraíonn an Eilvéis ainmhithe atá ionfhabhtaithe le ESB, faoi dheireadh na céime táirgthe ar a dhéanaí, gach ainmhí den speiceas buaibheach a rugadh idir aon bhliain amháin roimh bhreith an ainmhí éillithe agus aon bhliain amháin ina dhiaidh sin agus a bhí, le linn na tréimhse ama sin, mar chuid den tréad, agus sliocht díreach uile na mbó éillithe a rugadh sa 2 bhliain roimh an diagnóis.

4. De bhun Airteagal 180*b* den Reacht maidir le galair eipeasótacha, maraíonn an Eilvéis ainmhithe atá ionfhabhtaithe leis an scráibeach, a máithreacha agus sliocht díreach máithreacha éillithe, chomh maith leis na caoirigh agus na gabhair eile go léir sa tréad, cé is moite díobh seo a leanas:

– caoirigh a iompraíonn alléil ARR nó alléil VRQ amháin ar a laghad, agus
– ainmhithe atá níos óige ná 2 mhí d'aois agus atá beartaithe lena marú agus lena marú amháin. Déantar ceann agus orgáin chuas boilg na n-ainmhithe sin a dhiúscairt i gcomhréir le forálacha an Reachta maidir le seachtháirgí ainmhithe.

Mar eisceacht air sin, i gcás pórtha a bhfuil líon íseal díobh iontu, ní gá an tréad a mharú. Sa chás sin, cuirtear an tréad faoi fhaireachas tréidliachta oifigiúil ar feadh tréimhse 2 bhliain agus déantar scrúdú cliniciúil ar na hainmhithe sa tréad dhá uair sa bhliain lena linn. Má chuirtear ainmhithe i láthair lena marú le linn na tréimhse sin, déanann saotharlann tagartha na hEilvéise anailís ar a gceann, lena n-áirítear céislíní, le haghaidh ESITanna.

Déantar athbhreithniú ar na bearta sin de réir thorthaí an fhaireacháin ar shláinte ainmhithe. Go háirithe, cuirtear síneadh leis an tréimhse faireacháin má bhraitear cás nua den ghalar sa tréad.

I gcás ina ndeimhnítear go bhfuil ESB i gcaorach nó i ngabhair, gabhann an Eilvéis uirthi féin na bearta a leagtar síos in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 a chur i bhfeidhm.

5. Faoi Airteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 999/2001, cuireann Ballstáit den Aontas Eorpach toirmeasc ar phróitéiní ainmhíocha próiseáilte a thabhairt mar bheatha d'ainmhithe feirmshaothraithe a coimeádtar, a ramhraítear nó a phóraítear chun bia a tháirgeadh. Tá toirmeasc iomlán ar phróitéiní a dhíorthaítear ó ainmhithe a thabhairt mar bheatha d'athchogantaigh i mBallstáit den Aontas Eorpach.

Faoi Airteagal 27 den Reacht maidir le seachtháirgí ainmhithe (OSPA), thug an Eilvéis isteach toirmeasc iomlán ar phróitéin ainmhithe a thabhairt mar bheatha d'ainmhithe feirmshaothraithe.

D'fhéadfadh maoluithe a bheith ann le haghaidh próitéiní próiseáilte ó éisc, muca, éanlaith chlóis agus feithidí saothraithe, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001, chomh maith leis an Reacht maidir le seachtháirgí ainmhithe (OSPA) agus an Reacht maidir le seachtháirgí ainmhithe a úsáid mar bheatha nó mar leasachán (OUSPA).

6. Faoi Airteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 agus i gcomhréir le Caibidil A d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin, tá Ballstáit den Aontas Eorpach le clár faireacháin bliantúil ESB a thabhairt isteach. Áirítear sa phlean sin mearthástáil ESB ar gach eallach is sine ná 24 mhí d'aois a bhí faoi réir marú seamlais éigeandála, ar ainmhithe a fuair bás ar an bhfeirm nó a fuarthas tinn le linn na cigireachta réamhbháis mortem agus ar na hainmhithe uile is sine ná 30 mí d'aois a maraíodh mar bhia don duine.

Liostaítear na mearthástálacha ESB a úsáideann an Eilvéis i gCaibidil C d'Iarscríbhinn X a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001.

De bhun Airteagal 179 den Reacht maidir le galair eipeasótacha, déanann an Eilvéis mearthástáil éigeantach ESB ar gach eallach is sine ná 48 mí d'aois a fuair bás nó a maraíodh ar chúiseanna seachas marú seamlais, a tógadh galraithe chuig an seamlas nó ar bhain tionóisc dóibh.

7. Faoi Airteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 agus i gcomhréir le Caibidil A d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin, tá Ballstáit den Aontas Eorpach le clár faireacháin bliantúil ar an scráibeach a thabhairt isteach.

De bhun fhorálacha Airteagal 177 den Reacht maidir le galair eipeasótacha, thug an Eilvéis clár faireacháin ESIT isteach le haghaidh ainmhithe de chineál caorach agus de chineál gabhair atá níos sine ná 12 mhí d'aois. Ainmhithe atá faoi réir marú seamlais éigeandála, a fuair bás ar an bhfeirm nó a fuarthas tinn le linn na cigireachta réamhbháis agus scrúdaíodh na hainmhithe go léir a maraíodh mar bhia don duine le linn na tréimhse ó mhí an Mheithimh 2004 go dtí mí Iúil 2005. Ós rud é go bhfuair gach sampla toradh diúltach le haghaidh ESB, tógtar samplaí chun críoch faireacháin ó ainmhithe cliniciúla amhrasta, ó ainmhithe faoi réir marú seamlais éigeandála agus ó ainmhithe a fuair bás ar an bhfeirm.

Déanfaidh an Comhchoiste Tréidliachta athbhreithniú ar aithint cosúlachtaí sa reachtaíocht lena rialaítear faireachán ar ESITanna in ainmhithe de chineál caorach agus de chineál gabhair.

8. Tá an Comhchoiste Tréidliachta freagrach as an bhfaisnéis a sholáthar a cheanglaítear in Airteagal 6 agus i gCaibidil B d'Iarscríbhinn III agus in Iarscríbhinn IV (3.III) a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001.

9. Is faoi fhreagracht an Chomhchoiste Tréidliachta a dhéantar cigireachtaí, go háirithe i gcomhréir le hAirteagal 116 de Rialachán (CE) Uimh. 2017/625 agus le hAirteagal 57 den Dlí maidir le galair eipeasótacha.

IV. Galair zónóiseacha

A. REACHTAÍOCHT*

* Mura léirítear a mhalairt, ciallóidh aon tagairt do ghníomh an gníomh sin arna leasú roimh an 31 Nollaig 2025.

| An tAontas Eorpach | An Eilvéis |
|---|---|
| 1. Rialachán (CE) Uimh. 2160/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Samhain 2003 maidir le rialú salmonella agus oibreáin zónóiseacha bia-iompartha sonraithe eile (IO L 325, 12.12.2003, lch. 1).<br>2. Treoir 2003/99/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Samhain 2003 maidir le faireachán ar zónóisí agus ar oibreáin zónóiseacha, lena leasaítear Cinneadh 90/424/CEE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 92/117/CEE ón gComhairle (IO L 325, 12.12.2003, lch. 31):<br>3. Maidir le forálacha i ndáil le rialuithe oifigiúla arna ndéanamh ag na húdaráis inniúla chun comhlíonadh na rialacha maidir leis an slabhra agraibhia i ndáil le zónóisí a fhíorú:<br>Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón | 1. Dlí an 1 Iúil 1966 maidir le galair eipeasótacha (LFE; RS 916.40);<br>2. Reacht an 27 Meitheamh 1995 maidir le galair eipeasótacha (OFE; RS 916.401), agus go háirithe Airteagail 291*a* go 291*e* de (forálacha speisialta maidir le zónóisí);<br>3. Dlí Cónaidhme an 20 Meitheamh 2014 maidir le hearraí bia agus táirgí tomhaltais (Dlíthe maidir le hearraí bia, LDAl; RS 817.0);<br>4. Reacht an 16 Nollaig 2016 maidir le hearraí bia agus táirgí tomhaltais (ODAlOUs; RS 817.02);<br>5. Reacht DFI an 16 Nollaig 2016 maidir le sláinteachas i ngníomhaíochtaí a bhaineann le bia (Reacht DFI maidir le Sláinteachas, OHyg; RS 817.024.1);<br>6. Dlí Cónaidhme an 28 Meán Fómhair 2012 maidir le cosaint i gcoinne galair thógálacha i ndaoine (Dlí Eipidéimí, LEP; RS 818.101);<br>7. Reacht an 29 Aibreán 2015 maidir le cosaint i gcoinne galair thógálacha i ndaoine (Reacht ar Eipidéimí, OEP; RS 818.101.1);<br>8. Reacht DFI an 23 Samhain 2005 maidir le sláinteachas le linn marú seamlais beostoic (OHyAb; RS 817.190.1);<br>9. Reacht an 16 Nollaig 2016 maidir le marú seamlais beostoc agus seiceálacha ar fheoil (OAbCV; RS 817.190) |

| | |
|---|---|
| gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) (IO L 95, 7.4.2017, lgh. 1–142). | |

B. RIALACHA CUR CHUN FEIDHME

1. Foilseofar an liosta de shaotharlanna tagartha an Aontais Eorpaigh dá bhforáiltear in Airteagal 10 de Threoir 2003/99/CE ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh i gcomhréir le hAirteagal 99 de Rialachán (AE) 2017/625.
Íocfaidh an Eilvéis na costais a bhfuil sí faoi dhliteanas ina leith as oibríochtaí a dhéanann na saotharlanna sa cháil thuas. Is iad feidhmeanna agus cúraimí na saotharlann sin na feidhmeanna agus na cúraimí sin a leagtar síos in Airteagal 94 de Rialachán (AE) 2017/625.
Foilseofar an liosta de shaotharlanna tagartha náisiúnta le haghaidh na hEilvéise ar shuíomh gréasáin na hOifige Cónaidhme um Shábháilteacht Bia agus um Thréidliacht.

2. Tarchuirfidh an Eilvéis tuarascáil chuig an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia gach bliain faoi dheireadh mhí na Bealtaine maidir le treochtaí agus foinsí zónóisí, oibreán zónóiseach agus frithsheasmhachta in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha, lena gcumhdaítear na sonraí a bailíodh de bhun Airteagail 4, 7 agus 8 de Threoir 2003/99/CE le linn na bliana roimhe sin. Áireofar sa tuarascáil sin freisin an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 3(2)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 2160/2003.

V. Fógra a thabhairt i leith galair

A. REACHTAÍOCHT*

* Mura léirítear a mhalairt, ciallóidh aon tagairt do ghníomh an gníomh sin arna leasú roimh an 31 Nollaig 2025.

| An tAontas Eorpach | An Eilvéis |
|---|---|
| 1. Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') (IO L 84, 31.3.2016, lgh. 1–208) agus na gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme atá bunaithe ar an Rialachán seo arna nglacadh faoin 31 Nollaig 2025;<br>2. Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715 ón gCoimisiún an 30 Meán Fómhair 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le feidhmiú an chórais bainistíochta faisnéise do rialuithe oifigiúla agus comhpháirteanna an chórais (Rialachán CBFRO) (IO L 261, 14.10.2019, lgh. 37–96). | 1. Dlí an 1 Iúil 1966 maidir le galair eipeasótacha (LFE; RS 916.40), agus go háirithe Airteagal 11 (oibleagáid díchill agus oibleagáid tuairiscithe) agus Airteagal 57 (forálacha maidir le cur chun feidhme teicniúil, comhar idirnáisiúnta) de;<br>2. Reacht an 27 Meitheamh 1995 maidir le galair eipeasótacha (OFE; RS 916.401), agus go háirithe Airteagail 2 go 5 (galair spriocdhírithe), 59 go 65 agus Airteagal 291 (oibleagáid tuairiscithe, fógra), agus 292 go 299 (faireachas, cur chun feidhme, tacaíocht riaracháin) de. |

B. RIALACHA CUR CHUN FEIDHME

Tá an Eilvéis comhtháite sa chóras bainistíochta faisnéise le haghaidh rialuithe oifigiúla agus a comhpháirteanna uile, mar a shainmhínítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715 ón gCoimisiún. Ainmneoidh an Eilvéis pointe teagmhála chun na críche sin.

An fógra faoi ghalair liostaithe agus na tuarascálacha ar na galair sin, agus na formáidí agus na nósanna imeachta chun cláir faireachais agus cláir dhíothaithe a thíolacadh agus a thuairisciú agus chun iarratas a dhéanamh ar stádas saor ó ghalair a aithint, beidh siad i gcomhréir leis na socruithe dá bhforáiltear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2002[8].

Más gá, leagfar síos bearta breise sa Chomhchoiste Tréidliachta.'.

8 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2002 ón gCoimisiún an 7 Nollaig 2020 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le fógra agus tuairisc a thabhairt don Aontas faoi ghalair liostaithe, le formáidí agus nósanna imeachta chun cláir faireachais an Aontais agus cláir dhíothaithe a chur isteach agus a thuairisciú agus le hiarratas ar aitheantas ar stádas saor ó ghalar, agus leis an gcóras faisnéise ríomhairithe (IO L 412, 8.12.2020, lch. 1).

## IARSCRÍBHINN II

Cuirfear an méid seo a leanas in ionad Fhoscríbhinn 2 a ghabhann le hIarscríbhinn 11 a ghabhann leis an gComhaontú Talmhaíochta:

'Foscríbhinn 2

SLÁINTE AINMHITHE: Trádáil idir an Eilvéis agus an tAontas Eorpach agus cur ar an margadh

I. Ainmhithe Talún

A. REACHTAÍOCHT*

* Mura léirítear a mhalairt, ciallóidh aon tagairt do ghníomh an gníomh sin arna leasú roimh an 31 Nollaig 2025.

| An tAontas Eorpach | An Eilvéis |
|---|---|
| 1. Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') (IO L 84, 31.3.2016, lgh. 1–208) agus na gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme atá bunaithe ar an Rialachán seo arna nglacadh faoin 31 Nollaig 2025;<br>2. Le haghaidh forálacha maidir le rialuithe oifigiúla arna ndéanamh ag na húdaráis inniúla chun comhlíonadh na rialacha maidir leis an slabhra agraibhia a bhaineann le trádáil in ainmhithe talún idir an Eilvéis agus an tAontas Eorpach a fhíorú:<br>Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, | 1. Reacht an 27 Meitheamh 1995 maidir le galair eipeasótacha (OFE; RS 916.401);<br>2. Reacht an 18 Samhain 2015 lena rialaítear trádáil a bhaineann le hallmhairiú, idirthuras agus onnmhairiú ainmhithe agus táirgí ainmhithe le Ballstáit den Aontas Eorpach, leis an Íoslainn, leis an Iorua agus le Tuaisceart Éireann (OITE-AE; RS 916.443.11);<br>3. Reacht DFI an 18 Samhain 2015 lena rialaítear trádáil a bhaineann le hallmhairiú, idirthuras agus onnmhairiú ainmhithe agus táirgí ainmhithe le Ballstáit an Aontais, leis an Íoslainn, leis an Iorua agus le Tuaisceart Éireann (OITE-AE-DFI; RS 916.443.111);<br>4. Dlí Cónaidhme an 29 Aibreán 1998 maidir leis an talmhaíocht (LAgr; RS 910.1), agus go háirithe Airteagal 160 (Creidiúnú éigeantach);<br>5. Acht Cónaidhme an 15 Nollaig 2000 maidir le táirgí íocshláinte agus feistí leighis (LPTh; RS 812.21);<br>6. Reacht an 18 Lúnasa 2004 maidir le táirgí íocshláinte tréidliachta (OMédV; RS 812.212.27);<br>7. Treoirlínte teicniúla maidir le húsáid phróifiolacsach agus mheitifiolacsach táirgí íocshláinte ina bhfuil oibreáin |

| | |
|---|---|
| (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) (IO L 95, 7.4.2017, lgh. 1–142);<br>3. Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 ón gCoimisiún an 18 Márta 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) 2016/429 agus (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha agus deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla caighdeánacha, maidir le coinsíneachtaí de chatagóirí áirithe ainmhithe talún agus a dtáirgí geirmeacha, deimhniúchán oifigiúil maidir leis na deimhnithe sin a thabhairt isteach san Aontas agus maidir lena ngluaiseachtaí idir na Ballstáit, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2010/470/AE (IO L 113, 31.3.2021, lgh. 1–935):<br>4. Airteagal 107 (cé is moite de mhír 6) de Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le táirgí tréidliachta agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/82/CE (IO L 4 an 7.1.2019, lch. 43), i gcomhar le hAirteagal 37(5) de. | fhrithmhiocróbacha in ainmhithe táirgiúla, arna bhfoilsiú an 31 Bealtaine 2026. |

B. RIALACHA CUR CHUN FEIDHME

1. Is faoi fhreagracht an Chomhchoiste Tréidliachta a dhéanfar cigireachtaí, go háirithe i gcomhréir le hAirteagal 116 de Rialachán (AE) 2017/625 agus le hAirteagal 57 den Dlí maidir le galair eipeasótacha.

2. Aistreofar ainmhithe a thrádáiltear idir Ballstáit den Aontas Eorpach agus an Eilvéis faoi na coinníollacha céanna le hainmhithe a thrádáiltear idir Ballstáit den Aontas Eorpach. I gcás inar gá, beidh na deimhnithe sláinte is gá le haghaidh trádáil idir Ballstáit den Aontas Eorpach ag gabháil leis na táirgí sin nó na deimhnithe sláinte a shainítear san Iarscríbhinn seo agus atá ar fáil i gcóras TRACES.

3. Chun críocha na hIarscríbhinne seo, aithnítear go gcomhlíonann an Eilvéis na coinníollacha dá bhforáiltear i gCaibidil 4 de Chuid II de Rialachán (AE) 2016/429, Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689[9] agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620[10] a mhéid a bhaineann leis na galair a liostaítear i suíomhanna an Choimisiúin 'Faireachas, cláir dhíothaithe agus stádas saor ó ghalair – Sábháilteacht Bia' agus na hOifige Cónaidhme um Shábháilteacht Bia agus Tréidliachta, an Clár Náisiúnta Faireachais.
I gcás galair nach bhfuil stádas saor ó ghalair formheasta go fóill ag an Eilvéis ina leith, cuirfidh an Eilvéis an fhaisnéis is gá faoi bhráid an Chomhchoiste Tréidliachta de réir na gcritéar formheasa a leagtar amach i Rialachán (AE) 2016/429. Ar bhonn na faisnéise sin, comhaontaíonn an Comhchoiste Tréidliachta an fhaisnéis atá ar fáil ar na suíomhanna gréasáin thuasluaite a thabhairt cothrom le dáta.
Tabharfaidh an Oifig Chónaidhme um Shábháilteacht Bia agus Tréidliachta fógra láithreach don Choimisiún faoi aon athrú ar na coinníollacha ar a bhfuil aitheantas an stádais sin bunaithe i gcás ceann de na galair a liostaítear sa mhír seo. Scrúdóidh an Comhchoiste Tréidliachta an cás.

4. Chun críocha na hIarscríbhinne seo, aithnítear go gcomhlíonann an Eilvéis na coinníollacha a leagtar síos i bpointe 1, Roinn 2, Caibidil 3, Cuid I d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/689 a mhéid a bhaineann leis an eitinn bhólachta. Chun a stádas mar bhólacht atá saor ó bhruisealóis go hoifigiúil a choinneáil ar bun, gabhann an Eilvéis uirthi féin na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh:

---

9 Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le faireachas, cláir dhíothúcháin, agus stádas saor ó ghalair i gcás galair áirithe atá liostaithe agus galair áirithe atá ag teacht chun cinn (IO L 174, 3.6.2020, lch. 211)

10 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 ón gCoimisiún an 15 Aibreán 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le formheas an stádais saor ó ghalair agus an stádais neamh-vacsaínithe atá ag Ballstát áirithe nó ag criosanna nó deighleoga díobh i ndáil le galair liostaithe áirithe agus formheas na gclár díothaithe le haghaidh na ngalar liostaithe sin (IO L 131, 16.4.2021, lgh. 78–119)

a) déanfar aon ainmhí den speiceas buaibheach a mheastar a bheith ionfhabhtaithe le bruisealóis a thuairisciú do na húdaráis inniúla agus déanfar na tástálacha oifigiúla le haghaidh bruisealóise ar an ainmhí lena mbaineann, ina mbeidh dhá thástáil shéireolaíocha ar a laghad mar aon le fosú comhlántach agus scrúdú micribhitheolaíoch ar shamplaí oiriúnacha a tógadh i gcásanna ginmhillte;

b) go dtí go gcuirfear deireadh leis an amhras faoin ngalar, i.e. nuair a bheidh torthaí diúltacha ar na tástálacha dá bhforáiltear i bpointe (a), cuirfear ar fionraí stádas oifigiúil saor ó bhruisealóis an tréada lena mbaineann an t-ainmhí (nó na hainmhithe) den speiceas buaibheach a bhfuil amhras ann go bhfuil ionfhabhtú ann ina leith.

5. Cuirfidh an Eilvéis na forálacha céanna i bhfeidhm agus atá in Airteagal 107 (cé is moite de mhír 6) de Rialachán (AE) 2019/6, i gcomhar le hAirteagal 37(5) de maidir le húsáid táirgí íocshláinte frithmhiocróbacha in ainmhithe atá beartaithe lena dtáirgeadh, i gcomhréir lena reachtaíocht a liostaítear i Roinn A thuas.

Ní údaraíonn an Eilvéis táirgí íocshláinte a chur ar an margadh a bhfuil sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh ainmhithe táirgthe ina bhfuil ceann amháin de na hábhair fhrithmhiocróbacha nó de na grúpaí ábhar frithmhiocróbach a liostaítear i bpointe 2) nó 3) den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1255[11] ná táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine ina bhfuil na hábhair fhrithmhiocróbacha nó na grúpaí ábhar frithmhiocróbach sin a úsáid in ainmhithe táirgthe.

Déanfar plé sa Chomhchoiste Tréidliachta maidir le leasuithe ar reachtaíocht thuasluaite an Aontais Eorpaigh lena gceanglaítear forálacha na hEilvéise a oiriúnú.

Dá bhrí sin, ní mheasfar an Eilvéis a bheith ina tríú tír chun críocha Airteagal 118 de Rialachán (AE) 2019/6 go dtí an 1 Iúil 2028.

Cuirfidh sé an Comhchoiste Tréidliachta ar an eolas láithreach faoi aon athruithe breise ar a reachtaíocht maidir le táirgí íocshláinte frithmhiocróbacha atá beartaithe le haghaidh ainmhithe táirgthe.

Déanfaidh an Comhchoiste Tréidliachta an mhír seo a athbhreithniú roimh an 1 Iúil 2028.

11 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1255 ón gCoimisiún an 19 Iúil 2022 lena n-ainmnítear frithmhiocróbaigh nó grúpaí frithmhiocróbach arna bhforchoimeád chun ionfhabhtuithe áirithe i ndaoine a chóireáil, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 191, 20.7.2022, lch. 58)

6. Maidir le coinsíneachtaí d'uibheacha goir chuig an Aontas Eorpach, gabhann údaráis na hEilvéise orthu féin go gcomhlíonfaidh siad na rialacha maidir le marcáil a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 617/2008 ón gCoimisiún[12].

7. I gcás coinsíneachtaí ón Eilvéis go dtí an Fhionlainn, an tSualainn nó an Danmhairg, gabhfaidh údaráis na hEilvéise orthu féin go soláthróidh siad na ráthaíochtaí maidir le salmonella a cheanglaítear faoi reachtaíocht an Aontais.

[12] Rialachán (CE) Uimh. 617/2008 ón gCoimisiún an 27 Meitheamh 2008 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 a mhéid a bhaineann le caighdeáin mhargaíochta le haghaidh uibheacha goir agus sicíní éanlaithe clóis (IO L 168, 28.6.2008, lch. 5).

II. Ainmhithe dobharshaothraithe agus táirgí dobharshaothraithe

A. REACHTAÍOCHT*

* Mura léirítear a mhalairt, ciallóidh aon tagairt do ghníomh an gníomh sin arna leasú roimh an 31 Nollaig 2025.

| An tAontas Eorpach | An Eilvéis |
|---|---|
| 1. Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') (IO L 84, 31.3.2016, lgh. 1–208) agus na gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme atá bunaithe ar an Rialachán seo arna nglacadh faoin 31 Nollaig 2025;<br>2. Le haghaidh forálacha maidir le rialuithe oifigiúla arna ndéanamh ag na húdaráis inniúla chun comhlíonadh rialacha an tslabhra agraibhia a bhaineann le trádáil in ainmhithe dobharshaothraithe agus i dtáirgí idir an Eilvéis agus an tAontas Eorpach a fhíorú:<br>Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó | 1. Reacht an 27 Meitheamh 1995 maidir le galair eipeasótacha (OFE; RS 916.401);<br>2. Reacht an 18 Samhain 2015 lena rialaítear trádáil a bhaineann le hallmhairiú, idirthuras agus onnmhairiú ainmhithe agus táirgí ainmhithe le Ballstáit den Aontas Eorpach, leis an Íoslainn, leis an Iorua agus le Tuaisceart Éireann (OITE-AE; RS 916.443.11);<br>3. Reacht DFI an 18 Samhain 2015 lena rialaítear trádáil a bhaineann le hallmhairiú, idirthuras agus onnmhairiú ainmhithe agus táirgí ainmhithe le Ballstáit an Aontais, leis an Íoslainn, leis an Iorua agus le Tuaisceart Éireann (OITE-AE-DFI; RS 916.443.111);<br>4. Dlí Cónaidhme an 29 Aibreán 1998 maidir leis an talmhaíocht (LAgr; RS 910.1), agus go háirithe Airteagal 160 (Creidiúnú éigeantach);<br>5. Acht Cónaidhme an 15 Nollaig 2000 maidir le táirgí íocshláinte agus feistí leighis (LPTh; RS 812.21);<br>6. Reacht an 18 Lúnasa 2004 maidir le táirgí íocshláinte tréidliachta (OMédV; RS 812.212.27);<br>7. Treoirlínte teicniúla maidir le húsáid phróifiolacsach agus mheitifiolacsach táirgí íocshláinte ina bhfuil oibreáin fhrithmhiocróbacha in ainmhithe táirgiúla, arna bhfoilsiú an 31 Bealtaine 2026. |

| | | |
|---|---|---|
| | Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) (IO L 95, 7.4.2017, lgh. 1–142): | |
| 3. | Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2236 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2020 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) 2016/429 agus (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha i dtaca le teacht isteach coinsíneachtaí ainmhithe uisceacha agus le hearraí áirithe de bhunadh ainmhíoch ó ainmhithe uisceacha isteach san Aontas agus lena ngluaiseachtaí laistigh den Aontas, i dtaca le deimhniúchán oifigiúil a mhéid a bhaineann leis na deimhnithe sin agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1251/2008, (IO L 442, 30.12.2020, lch. 410). | |
| 4. | Airteagal 107 (cé is moite de mhír 6) de Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le táirgí tréidliachta agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/82/CE (IO L 4 an 7.1.2019, lch. 43), i gcomhar le hAirteagal 37(5) de. | |

## B. RIALACHA CUR CHUN FEIDHME

1. Is faoi fhreagracht an Chomhchoiste Tréidliachta a dhéanfar cigireachtaí, go háirithe i gcomhréir le hAirteagal 116 de Rialachán (AE) 2017/625 agus le hAirteagal 57 den Dlí maidir le galair eipeasótacha.

2. Aistreofar ainmhithe a thrádáiltear idir Ballstáit den Aontas Eorpach agus an Eilvéis faoi na coinníollacha céanna le hainmhithe a thrádáiltear idir Ballstáit den Aontas Eorpach. I gcás inar gá, beidh na deimhnithe sláinte is gá le haghaidh trádáil idir Ballstáit den Aontas Eorpach ag gabháil leis na táirgí sin agus beidh siad ar fáil i gcóras TRACES.

3. Chun críocha na hIarscríbhinne seo, aithnítear go gcomhlíonann an Eilvéis na coinníollacha dá bhforáiltear i gCaibidil 4 de Chuid II de Rialachán (AE) 2016/429, Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689[13] agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620[14] a mhéid a bhaineann leis na galair a liostaítear i suíomhanna an Choimisiúin 'Faireachas, cláir dhíothaithe agus stádas saor ó ghalair – Sábháilteacht Bia' agus na hOifige Cónaidhme um Shábháilteacht Bia agus Tréidliachta, an Clár Náisiúnta Faireachais.

   I gcás galair nach bhfuil stádas saor ó ghalair formheasta go fóill ag an Eilvéis ina leith, cuirfidh an Eilvéis an fhaisnéis is gá faoi bhráid an Chomhchoiste Tréidliachta de réir na gcritéar formheasa a leagtar amach i Rialachán (AE) 2016/429. Ar bhonn na faisnéise sin, comhaontaíonn an Comhchoiste Tréidliachta an fhaisnéis atá ar fáil ar na suíomhanna gréasáin thuasluaite a thabhairt cothrom le dáta.

   Tabharfaidh an Oifig Chónaidhme um Shábháilteacht Bia agus Tréidliachta fógra láithreach don Choimisiún faoi aon athrú ar na coinníollacha ar a bhfuil aitheantas an stádais sin bunaithe i gcás ceann de na galair a liostaítear sa mhír seo. Scrúdóidh an Comhchoiste Tréidliachta an cás.

4. Cuirfidh an Eilvéis na forálacha céanna i bhfeidhm agus atá in Airteagal 107 (cé is moite de mhír 6) de Rialachán (AE) 2019/6, i gcomhar le hAirteagal 37(5) de maidir le húsáid táirgí íocshláinte frithmhiocróbacha in ainmhithe atá beartaithe lena dtáirgeadh, i gcomhréir lena reachtaíocht a liostaítear i Roinn A thuas.

---

13 Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le faireachas, cláir dhíothúcháin, agus stádas saor ó ghalair i gcás galair áirithe atá liostaithe agus galair áirithe atá ag teacht chun cinn (IO L 174, 3.6.2020, lch. 211)

14 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 ón gCoimisiún an 15 Aibreán 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le formheas an stádais saor ó ghalair agus an stádais neamh-vacsaínithe atá ag Ballstát áirithe nó ag criosanna nó deighleoga díobh i ndáil le galair liostaithe áirithe agus formheas na gclár díothaithe le haghaidh na ngalar liostaithe sin (IO L 131, 16.4.2021, lgh. 78–119)

Ní údaraíonn an Eilvéis táirgí íocshláinte a chur ar an margadh a bhfuil sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh ainmhithe táirgthe ina bhfuil ceann amháin de na hábhair fhrithmhiocróbacha nó de na grúpaí ábhar frithmhiocróbach a liostaítear i bpointe 2) nó 3) den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1255[15] ná táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine ina bhfuil na hábhair fhrithmhiocróbacha nó na grúpaí ábhar frithmhiocróbach sin a úsáid in ainmhithe táirgthe.

Déanfar plé sa Chomhchoiste Tréidliachta maidir le leasuithe ar reachtaíocht thuasluaite an Aontais Eorpaigh lena gceanglaítear forálacha na hEilvéise a oiriúnú.

Dá bhrí sin, ní mheasfar an Eilvéis a bheith ina tríú tír chun críocha Airteagal 118 de Rialachán (AE) 2019/6 go dtí an 1 Iúil 2028.

Cuirfidh sé an Comhchoiste Tréidliachta ar an eolas láithreach faoi aon athruithe breise ar a reachtaíocht maidir le táirgí íocshláinte frithmhiocróbacha atá beartaithe le haghaidh ainmhithe táirgthe.

Déanfaidh an Comhchoiste Tréidliachta an mhír seo a athbhreithniú roimh an 1 Iúil 2028.

15 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1255 ón gCoimisiún an 19 Iúil 2022 lena n-ainmnítear frithmhiocróbaigh nó grúpaí frithmhiocróbach arna bhforchoimeád chun ionfhabhtuithe áirithe i ndaoine a chóireáil, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 191, 20.7.2022, lch. 58)

III. Táirgí geirmeacha

A. REACHTAÍOCHT*

* Mura léirítear a mhalairt, ciallóidh aon tagairt do ghníomh an gníomh sin arna leasú roimh an 31 Nollaig 2025.

| An tAontas Eorpach | An Eilvéis |
|---|---|
| 1. Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') (IO L 84, 31.3.2016, lgh. 1–208) agus na gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme atá bunaithe ar an Rialachán seo faoin 31 Nollaig 2025.<br>2. Le haghaidh forálacha maidir le rialuithe oifigiúla arna ndéanamh ag na húdaráis inniúla chun comhlíonadh rialacha an tslabhra agraibhia maidir le trádáil i dtáirgí geirmeacha idir an Eilvéis agus an tAontas Eorpach a fhíorú:<br>Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, | 1. Reacht an 27 Meitheamh 1995 maidir le galair eipeasótacha (OFE; RS 916.401), agus go háirithe Airteagail 51 go 55*a* (inseamhnú saorga) agus 56 go 58*a* (ubh agus suthanna a aistriú) de;<br>2. Reacht an 18 Samhain 2015 lena rialaítear trádáil a bhaineann le hallmhairiú, idirthuras agus onnmhairiú ainmhithe agus táirgí ainmhithe le Ballstáit den Aontas Eorpach, leis an Íoslainn, leis an Iorua agus le Tuaisceart Éireann (OITE-AE; RS 916.443.11);<br>3. Reacht DFI an 18 Samhain 2015 lena rialaítear trádáil a bhaineann le hallmhairiú, idirthuras agus onnmhairiú ainmhithe agus táirgí ainmhithe le Ballstáit an Aontais, leis an Íoslainn, leis an Iorua agus le Tuaisceart Éireann (OITE-AE-DFI; RS 916,443,111). |

| | |
|---|---|
| 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) (IO L 95, 7.4.2017, lgh. 1–142);<br>3. Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 ón gCoimisiún an 18 Márta 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) 2016/429 agus (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha agus deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla caighdeánacha, maidir le coinsíneachtaí de chatagóirí áirithe ainmhithe talún agus a dtáirgí geirmeacha, deimhniúchán oifigiúil maidir leis na deimhnithe sin a thabhairt isteach san Aontas agus maidir lena ngluaiseachtaí idir na Ballstáit, agus lena n aisghairtear Cinneadh 2010/470/AE (IO L 113, 31.3.2021, lch. 1–935). | |

## B. RIALACHA CUR CHUN FEIDHME

1. Is faoi fhreagracht an Chomhchoiste Tréidliachta a dhéanfar cigireachtaí, go háirithe i gcomhréir le hAirteagal 116 de Rialachán (CE) Uimh. 2017/625 agus le hAirteagal 57 den Dlí maidir le galair eipeasótacha.

2. Chun críocha na hIarscríbhinne seo, aithnítear go gcomhlíonann an Eilvéis na coinníollacha dá bhforáiltear i gCaibidil 4 de Chuid II de Rialachán (AE) 2016/429, Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689[16] agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620[17] a mhéid a bhaineann leis na galair a liostaítear i suíomhanna an Choimisiúin 'Faireachas, cláir dhíothaithe agus stádas saor ó ghalair – Sábháilteacht Bia' agus na hOifige Cónaidhme um Shábháilteacht Bia agus Tréidliachta, an Clár Náisiúnta Faireachais.

   I gcás galair nach bhfuil stádas saor ó ghalair formheasta go fóill ag an Eilvéis ina leith,

[16] Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le faireachas, cláir dhíothúcháin, agus stádas saor ó ghalair i gcás galair áirithe atá liostaithe agus galair áirithe atá ag teacht chun cinn (IO L 174, 3.6.2020, lch. 211)

[17] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 ón gCoimisiún an 15 Aibreán 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le formheas an stádais saor ó ghalair agus an stádais neamh-vacsaínithe atá ag Ballstát áirithe nó ag criosanna nó deighleoga díobh i ndáil le galair liostaithe áirithe agus formheas na gclár díothaithe le haghaidh na ngalar liostaithe sin (IO L 131, 16.4.2021, lgh. 78–119)

cuirfidh an Eilvéis an fhaisnéis is gá faoi bhráid an Chomhchoiste Tréidliachta de réir na gcritéar formheasa a leagtar amach i Rialachán (AE) 2016/429. Ar bhonn na faisnéise sin, comhaontaíonn an Comhchoiste Tréidliachta an fhaisnéis atá ar fáil ar na suíomhanna gréasáin thuasluaite a thabhairt cothrom le dáta.

Tabharfaidh an Oifig Chónaidhme um Shábháilteacht Bia agus Tréidliachta fógra láithreach don Choimisiún faoi aon athrú ar na coinníollacha ar a bhfuil aitheantas an stádais sin bunaithe i gcás ceann de na galair a liostaítear sa mhír seo. Scrúdóidh an Comhchoiste Tréidliachta an cás.

3. A mhéid a bhaineann le seamhan buaibheach, tugtar faoi deara nach n-áirítear i ngach lárionad san Eilvéis ach ainmhithe a bhfuil tástáil dhiúltach neodraithe séirim nó tástáil ELISA acu le haghaidh rineatraicéíteas tógálach buaibheach nó bált-fhaighníteas puchóideach ionfhabhtaíoch.

4. I gcás earnálacha ina bhfuil an t-aitheantas coibhéise frithpháirteach, aistreofar táirgí geirmeacha a thrádáiltear idir Ballstáit den Aontas Eorpach agus an Eilvéis faoi na coinníollacha céanna a bhaineann le táirgí geirmeacha a thrádáiltear idir Ballstáit den Aontas Eorpach. I gcás inar gá, beidh na deimhnithe sláinte is gá le haghaidh trádáil idir Ballstáit den Aontas Eorpach ag gabháil leis na táirgí sin agus beidh siad ar fáil i gcóras TRACES.

## IV. Gluaiseachtaí neamhthráchtála peataí

### A. REACHTAÍOCHT*

* Mura léirítear a mhalairt, ciallóidh aon tagairt do ghníomh an gníomh sin arna leasú roimh an 31 Nollaig 2025.

| An tAontas Eorpach | An Eilvéis |
|---|---|
| 1. Rialachán (AE) Uimh. 576/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 2013 maidir le gluaiseacht neamhthráchtála peataí agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 998/2003 (IO L 178, 28.6.2013, lch. 1).<br>2. Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') (IO L 84, 31.3.2016, lgh. 1–208) agus na gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme atá bunaithe ar Chuid VI den Rialachán seo.<br>3. Le haghaidh forálacha maidir le rialuithe oifigiúla arna ndéanamh ag na húdaráis inniúla chun comhlíonadh na rialacha is infheidhme maidir le gluaiseacht neamhthráchtála peataí idir an Eilvéis agus an tAontas Eorpach a fhíorú:<br>Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. | 1. Reacht an 28 Samhain 2014 maidir le hallmhairiú, idirthuras agus onnmhairiú peataí (OITE AC; RS 916.443.14);<br>2. Airteagal 76b den Reacht an 23 Aibreán 2008 maidir le cosaint ainmhithe (OPAn; RS 455.1). |

| | |
|---|---|
| 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) (IO L 95, 7.4.2017, lgh. 1–142). | |

B. SOCRUITHE CUR CHUN FEIDHME

1. Is é a bheidh sa chóras aitheantais an córas dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 576/2013.

2. Sainítear bailíocht an vacsaínithe frithchonfaidh, agus más ábhartha an athvacsaíniú, in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 576/2013.

3. Is é an múnla de phas atá le húsáid an pas dá bhforáiltear i gCuid 3 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 577/2013[18]. Leagtar síos na ceanglais bhreise a bhaineann leis an bpas sin i gCuid 4 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 577/2013.

4. Chun críocha na Foscríbhinne seo, beidh feidhm *mutatis mutandis* ag forálacha Chaibidil II de Rialachán (AE) Uimh. 576/2013 maidir le gluaiseacht neamhthráchtála peataí idir Ballstáit den Aontas Eorpach agus an Eilvéis. Na seiceálacha doiciméadúcháin agus sainaitheantais is gá a dhéanamh le haghaidh gluaiseachtaí neamhthráchtála peataí chuig an Eilvéis ó Bhallstát den Aontas Eorpach, déanfar iad i gcomhréir le hAirteagal 33 de Rialachán (AE) Uimh. 576/2013.'.

---

18 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 577/2013 ón gCoimisiún an 28 Meitheamh 2013 maidir leis na doiciméid aitheantais atá de réir teimpléad caighdeánach le haghaidh gluaiseacht neamhthráchtála madraí, cat agus firéad, maidir le liostaí críoch agus tríú tíortha a bhunú agus maidir le formáid, leagan amach agus ceanglais teanga na ndearbhuithe lena bhfianaítear comhlíonadh coinníollacha áirithe dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 576/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 178, 28.6.2013, lch. 109)

## IARSCRÍBHINN III

Cuirfear an méid seo a leanas in ionad Fhoscríbhinn 3 a ghabhann le hIarscríbhinn 11 a ghabhann leis an gComhaontú Talmhaíochta:

‘Foscríbhinn 3

Allmhairiú ainmhithe beo agus a dtáirgí geirmeacha ó thríú tíortha

I. AN tAONTAS EORPACH — REACHTAÍOCHT*

* Mura léirítear a mhalairt, ciallóidh aon tagairt do ghníomh an gníomh sin arna leasú roimh an 31 Nollaig 2025.

1. Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe (‘Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe’) (IO L 84, 31.3.2016, lgh. 1–208) agus na gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme atá bunaithe ar an Rialachán seo faoin 31 Nollaig 2025.

2. Rialachán (AE) Uimh. 576/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 2013 maidir le gluaiseacht neamhthráchtála peataí agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 998/2003 (IO L 178, 28.6.2013, lch. 1).

3. Treoir 96/22/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 1996 a bhaineann le toirmeasc ar shubstaintí áirithe a ngabhann gníomhaíocht hormónach nó thíreastatach leo, agus ar bhéite-agónaithe, a úsáid i bhfeirmeoireacht stoic agus lena n-aisghairtear Treoracha 81/602/CEE, 88/146/CEE agus 88/299/CEE (IO L 125, 23.5.1996, lch. 3).

4. Le haghaidh forálacha maidir le rialuithe oifigiúla arna ndéanamh ag na húdaráis inniúla chun comhlíonadh na rialacha dá dtagraítear sa Roinn seo a fhíorú:

   Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle

agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (IO L 95, 7.4.2017, lch. 1).

5. Airteagal 118 de Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le táirgí íocshláinte tréidliachta agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/82/CE (IO L 4, 7.1.2019, lch. 43).

## II. AN EILVÉIS — REACHTAÍOCHT*

* Mura léirítear a mhalairt, ciallóidh aon tagairt do ghníomh an gníomh sin arna leasú roimh an 31 Nollaig 2025.

1. Dlí an 1 Iúil 1966 maidir le galair eipeasótacha (LFE; RS 916.40)

2. Reacht an 27 Meitheamh 1995 maidir le galair eipeasótacha (OFE; RS 916.401)

3. Reacht an 18 Samhain 2015 lena rialaítear trádáil le tríú tíortha a bhaineann le hallmhairiú, idirthuras agus onnmhairiú tíortha táirgí ainmhithe agus táirgí ainmhithe (OITE-PT; RS 916.443.10).

4. Reacht DFI an 18 Samhain 2015 lena rialaítear trádáil le tríú tíortha a bhaineann le hallmhairiú, idirthuras agus onnmhairiú ainmhithe agus táirgí ainmhithe (OITE-PT-DFI; RS 916.443.106).

5. Reacht an 28 Samhain 2014 maidir le hallmhairiú, idirthuras agus onnmhairiú peataí (OITE-AC; RS 916.443.14).

6. Reacht an 18 Lúnasa 2004 maidir le táirgí íocshláinte tréidliachta (OMédV; RS 812.212.27).

7. Reacht an 30 Deireadh Fómhair 1985 maidir leis na táillí a thoibhíonn an Oifig Chónaidhme um Shábháilteacht Bia agus Tréidliachta (Reacht maidir le Táillí OSAV; RS 916.472).

## III. RIALACHA CUR CHUN FEIDHME

1. Déanfaidh an Oifig Chónaidhme um Shábháilteacht Bia agus Tréidliachta, i gcomhthráth le Ballstáit den Aontas Eorpach, na coinníollacha allmhairiúcháin a leagtar amach sna gníomhartha a luaitear i gCuid I den Fhoscríbhinn seo, na bearta cur chun feidhme agus liostaí na mbunaíochtaí óna n-údaraítear na hallmhairí comhfhreagracha a chur i bhfeidhm. Beidh feidhm ag an ngealltanas sin maidir leis na gníomhartha ábhartha uile, gan beann ar dháta a nglactha.

   Féadfaidh an Oifig Chónaidhme um Shábháilteacht Bia agus Tréidliachta bearta níos sriantaí a ghlacadh agus ráthaíochtaí breise a éileamh. Tionólfar comhairliúcháin laistigh den Chomhchoiste Tréidliachta chun teacht ar réitigh oiriúnacha.

   Tabharfaidh an Oifig Chónaidhme um Shábháilteacht Bia agus Tréidliachta agus Ballstáit den Aontas Eorpach fógra dá chéile faoi na coinníollacha sonracha allmhairiúcháin a bhunaítear go déthaobhach, ar coinníollacha iad nach bhfuil comhchuibhithe ar leibhéal an Aontais.

2. Ní mheasfar an Eilvéis a bheith ina tríú tír chun críocha Airteagal 118 de Rialachán (AE) 2019/6 go dtí an 1 Iúil 2028.

   Déanfaidh an Comhchoiste Tréidliachta an mhír seo a athbhreithniú roimh an 1 Iúil 2028.’.

**IARSCRÍBHINN IV**

Cuirfear an méid seo a leanas in ionad Fhoscríbhinn 5 a ghabhann le hIarscríbhinn 11 a ghabhann leis an gComhaontú Talmhaíochta:

'Foscríbhinn 5

Ainmhithe beo agus táirgí geirmeacha:

Seiceálacha teorann agus íocaíocht táillí

CAIBIDIL I

Forálacha ginearálta – Córas bainistíochta faisnéise le haghaidh rialuithe oifigiúla

A. REACHTAÍOCHT*

* Mura léirítear a mhalairt, ciallóidh aon tagairt do ghníomh an gníomh sin arna leasú roimh an 31 Nollaig 2025.

| An tAontas Eorpach | An Eilvéis |
|---|---|
| 1. Le haghaidh forálacha maidir le rialuithe oifigiúla arna ndéanamh ag na húdaráis inniúla chun comhlíonadh na rialacha dá dtagraítear sa Chaibidil seo a fhíorú:<br>Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó | 1. Dlí an 1 Iúil 1966 maidir le galair eipeasótacha (LFE; RS 916.40);<br>2. Reacht an 27 Meitheamh 1995 maidir le galair eipeasótacha (OFE; RS 916.401);<br>3. Reacht an 18 Samhain 2015 lena rialaítear trádáil lena mbaineann allmhairiú, idirthuras agus onnmhairiú ainmhithe agus táirgí ainmhithe le tríú tíortha (OITE-PT; RS 916.443.10);<br>4. Reacht DFI an 18 Samhain 2015 lena rialaítear trádáil le tríú tíortha a bhaineann le hallmhairiú, idirthuras agus onnmhairiú ainmhithe agus táirgí ainmhithe (OITE-PT-DFI; RS 916.443.106);<br>5. Reacht an 28 Samhain 2014 maidir le hallmhairiú, idirthuras agus onnmhairiú peataí (OITE-AC; RS 916.443.14). |

| An tAontas Eorpach | An Eilvéis |
|---|---|
| Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) (IO L 95, 7.4.2017, lgh. 1–142);<br>(2) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715 ón gCoimisiún an 30 Meán Fómhair 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le feidhmiú an chórais bainistíochta faisnéise do rialuithe oifigiúla agus comhpháirteanna an chórais (Rialachán CBFRO) (IO L 261, 14.10.2019, lgh. 37–9). | |

B. RIALACHA CUR CHUN FEIDHME

1. Tá an Eilvéis comhtháite sa chóras bainistíochta faisnéise le haghaidh rialuithe oifigiúla agus a comhpháirteanna uile, mar a shainmhínítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715 ón gCoimisiún. Ainmneoidh an Eilvéis pointe teagmhála chun na críche sin. Más gá, leagfar síos bearta idirthréimhseacha sa Chomhchoiste Tréidliachta.

2. Tabharfaidh na Páirtithe cúnamh riaracháin frithpháirteach dá chéile i gcomhréir le hAirteagail 104 go 107 de Rialachán (AE) 2017/625 chun cur i bhfeidhm cuí na Foscríbhinne seo a áirithiú. Beidh an Comhchoiste Tréidliachta freagrach as Airteagal 108 de Rialachán (AE) 2017/625 a chur i bhfeidhm.

CAIBIDIL II

Rialuithe tréidliachta agus zóiteicniúla is infheidhme maidir leis an trádáil idir Ballstáit den Aontas Eorpach agus an Eilvéis

A. REACHTAÍOCHT*

* Mura léirítear a mhalairt, ciallóidh aon tagairt do ghníomh an gníomh sin arna leasú roimh an 31 Nollaig 2025.

Na seiceálacha tréidliachta agus zóiteicniúla is infheidhme maidir le trádáil idir Ballstáit den Aontas Eorpach agus an Eilvéis, déanfar iad i gcomhréir le forálacha na ngníomhartha seo a leanas:

| An tAontas Eorpach | An Eilvéis |
|---|---|
| 1. Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe (‘Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe’) (IO L 84, 31.3.2016, lgh. 1–208) agus na gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme atá bunaithe ar an Rialachán seo arna nglacadh faoin 31 Nollaig 2025;<br>2. Le haghaidh forálacha maidir le rialuithe oifigiúla arna ndéanamh ag na húdaráis inniúla chun comhlíonadh na rialacha a leagtar síos sa Chaibidil seo a fhíorú:<br>Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí - IO L 95, 7.4.2017, lgh. 1-142);<br>3. Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2020 lena leagtar síos rialacha maidir le Rialacháin (AE) 2016/429 agus (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur i bhfeidhm a mhéid a bhaineann le | 1. Dlí an 1 Iúil 1966 maidir le galair eipeasótacha (LFE; RS 916.40), agus go háirithe Airteagal 57 de;<br>2. Reacht an 18 Samhain 2015 lena rialaítear trádáil a bhaineann le hallmhairiú, idirthuras agus onnmhairiú ainmhithe agus táirgí ainmhithe le Ballstáit den Aontas Eorpach, leis an Íoslainn, leis an Iorua agus le Tuaisceart Éireann (OITE-AE; RS 916.443.11);<br>3. Reacht DFI an 18 Samhain 2015 lena rialaítear trádáil a bhaineann le hallmhairiú, idirthuras agus onnmhairiú ainmhithe agus táirgí ainmhithe le Ballstáit an Aontais, leis an Íoslainn, leis an Iorua agus le Tuaisceart Éireann (OITE-AE-DFI; RS 916.443.111);<br>4. Reacht an 28 Samhain 2014 maidir le hallmhairiú, idirthuras agus onnmhairiú peataí (OITE-AC; RS 916.443.14);<br>5. Reacht an 30 Deireadh Fómhair 1985 maidir leis na táillí a thoibhíonn an Oifig Chónaidhme um Shábháilteacht Bia agus Tréidliachta (Reacht maidir le Táillí OSAV; RS 916.472). |

| | |
|---|---|
| samhlacha de dheimhnithe sláinte ainmhithe, samhlacha de dheimhnithe oifigiúla agus samhlacha de dheimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla, i dtaca le coinsíneachtaí catagóirí áirithe ainmhithe agus earraí a theacht isteach san Aontas agus lena ngluaiseacht laistigh den Aontas, deimhniúchán oifigiúil maidir leis na deimhnithe sin agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 599/2004, Rialacháin Chur Chun Feidhme (AE) Uimh. 636/2014 agus (AE) 2019/628, Treoir 98/68/CE agus Cinntí 2000/572/CE, 2003/779/CE agus 2007/240/CE; | |
| 4. Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2236 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2020 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) 2016/429 agus (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha maidir le coinsíneachtaí de chatagóirí áirithe ainmhithe uisceacha agus táirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch ó ainmhithe uisceacha a bheith ag teacht isteach san Aontas agus ag gluaiseacht laistigh den Aontas, a mhéid a bhaineann le deimhniúchán oifigiúil maidir leis na deimhnithe sin agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1251/2008 (IO L 442, 30.12.2020, lch. 410); | |
| 5. Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 ón gCoimisiún an 18 Márta 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) 2016/429 agus (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha agus deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla caighdeánacha, maidir le coinsíneachtaí de chatagóirí áirithe ainmhithe talún agus a dtáirgí geirmeacha, deimhniúchán oifigiúil maidir leis na deimhnithe sin a thabhairt isteach san Aontas agus maidir lena ngluaiseachtaí idir na Ballstáit, agus lena n aisghairtear Cinneadh 2010/470/AE (IO L 113, | |

| | |
|---|---|
| 31.3.2021, lch. 1–935): | |

## B. RIALACHA CUR CHUN FEIDHME

Maidir le trádáil in ainmhithe beo agus i dtáirgí geirmeacha, agus innilt ainmhithe i limistéir teorann idir an tAontas Eorpach agus an Eilvéis, is éard a bheidh sna deimhnithe sláinte na deimhnithe dá bhforáiltear san Fhoscríbhinn seo.

Sna cásanna dá bhforáiltear in Airteagail 102 agus 104 go 107 de Rialachán (AE) 2017/625, déanfaidh údaráis inniúla an chinn scríbe teagmháil le húdaráis inniúla an chinn scríbe gan mhoill. Déanfaidh siad gach beart is gá agus tabharfaidh siad fógra don údarás inniúil faoin áit seolta agus don Choimisiún faoi chineál na seiceálacha a rinneadh, faoi na cinntí a rinneadh agus faoi na cúiseanna atá leis na cinntí sin.

## C. RIALACHA SONRACHA CUR CHUN FEIDHME IS INFHEIDHME MAIDIR LE hAINMHITHE A CHUIRTEAR LENA nINNILT I LIMISTÉIR TEORANN

1. Sainmhínithe

   Innilt teorann: ainmhithe a sheoladh chuig Ballstát den Aontas Eorpach nó chuig an Eilvéis d’fhonn innilt a dhéanamh i stiall 10 km ar an dá thaobh den teorainn. Faoi choinníollacha speisialta a bhfuil bunús cuí leo, féadfaidh na húdaráis inniúla lena mbaineann stiall níos leithne ar cheachtar taobh den teorainn idir an Eilvéis agus an tAontas a údarú.

   Innilt laethúil: innilt i gcás ina gcuirtear na hainmhithe ar ais chuig a ngabháltas tionscnaimh i mBallstát den Aontas Eorpach nó san Eilvéis ag deireadh gach lae.

2. Beidh feidhm ag na coinníollacha maidir le gluaiseacht trasteorann ainmhithe a leagtar síos i Rialachán (AE) 2016/429, i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 agus i Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035 maidir le hinnilt teorann idir Ballstáit den Aontas Eorpach agus an Eilvéis. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag forálacha Airteagal 139 de Rialachán (AE) 2016/429.

3. De bhun Reacht an 27 Meitheamh 1995 maidir le galair eipeasótacha (OFE; RS 916.401), agus go háirithe Airteagal 7 de (clárú) agus Reacht an 3 Samhain 2021 maidir le Identitas SA agus an bunachar sonraí maidir le gáinneáil ar ainmhithe (OID-BDTA; RS 916.404.1), agus go háirithe Roinn 2 (inneachar an bhainc sonraí) de, sannfaidh an Eilvéis do gach féarach cód clárúcháin sonrach a chlárófar sa bhunachar sonraí náisiúnta um bó-ainmhithe.

4. I gcás innilt idir Ballstáit an Chomhphobail agus an Eilvéis, déanfaidh tréidlia oifigiúil na tíre seolta an méid seo a leanas:

   a) ar dháta eisiúna an deimhnithe agus tráth nach déanaí ná 24 uair an chloig roimh an dáta a bhfuil sé beartaithe go dtiocfaidh na hainmhithe isteach, trí bhíthin an chórais ríomhairithe lena nasctar údaráis tréidliachta dá bhforáiltear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715, déanfaidh sé údarás inniúil an chinn scríbe (aonad tréidliachta áitiúil) ar seoladh na hainmhithe chuige a chur ar an eolas;

   b) deimhniú a eisiúint i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403.

5. Le linn na tréimhse innilte, fanfaidh na hainmhithe faoi rialú custaim.

6. Ní mór do shealbhóir na n-ainmhithe an méid seo a leanas a dhéanamh:

   a) a chomhaontú, i ráiteas i scríbhinn, go gcomhlíonfar na bearta uile arna ndéanamh de bhun na hIarscríbhinne seo agus aon bheart eile a thugtar isteach ar an leibhéal áitiúil, ar an mbealach céanna le haon sealbhóir de thionscnamh Ballstáit den Chomhphobal nó de thionscnamh na hEilvéise;

   b) costais na seiceálacha a cheanglaítear de bhun na hIarscríbhinne seo a íoc;

   c) comhoibriú go hiomlán le socruithe maidir le seiceálacha custaim nó tréidliachta a éilíonn údaráis na tíre seolta nó cinn scríbe.

7. Nuair a fhilleann na hainmhithe ag deireadh an tséasúir nó roimhe sin, déanfaidh tréidlia oifigiúil na tíre ina bhfuil an talamh innilte suite an méid seo a leanas:

   a) ar dháta eisiúna an deimhnithe agus tráth nach déanaí ná 24 uair an chloig roimh an dáta a bhfuil sé beartaithe go dtiocfaidh na hainmhithe isteach, trí bhíthin an chórais ríomhairithe lena nasctar údaráis tréidliachta dá bhforáiltear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715, déanfaidh sé údarás inniúil an chinn scríbe (aonad tréidliachta áitiúil) ar seoladh na hainmhithe chuige a chur ar an eolas;

   b) deimhniú a eisiúint i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403.

8. I gcás ráigeanna galair, déanfaidh na húdaráis inniúla tréidliachta bearta iomchuí trí chomhaontú frithpháirteach. Breithneoidh na húdaráis sin conas aon chostais lena mbaineann a chumhdach. Más gá, cuirfear an t-ábhar faoi bhráid an Chomhchoiste Tréidliachta.

9. Mar eisceacht ó na rialacha maidir le hinnilt i bpointí 1 go 8, i gcás innilt laethúil idir Ballstáit an Chomhphobail agus an Eilvéis:

a) ní rachaidh na hainmhithe i dteagmháil le hainmhithe ó ghabháltas eile;

b) gabhfaidh sealbhóirí na n-ainmhithe sin orthu féin an t-údarás inniúil tréidliachta a chur ar an eolas faoi aon teagmháil idir a n-ainmhithe agus ainmhithe ó ghabháltas eile;

c) ní mór an deimhniú sláinte a thíolacadh do na húdaráis inniúla tréidliachta gach bliain féilire nuair a thagann na hainmhithe isteach i mBallstát den Aontas Eorpach nó san Eilvéis den chéad uair. Ní mór an deimhniú sláinte seo a thíolacadh do na húdaráis inniúla tréidliachta arna iarraidh sin dóibh;

d) ní bheidh feidhm ag pointí 2 agus 4 thuas ach amháin maidir leis an gcéad uair i ngach bliain féilire a sheolfar na hainmhithe chuig Ballstát den Aontas Eorpach nó chuig an Eilvéis;

e) ní bheidh feidhm ag pointe 7;

f) gabhfaidh sealbhóirí ainmhithe orthu féin an t-údarás tréidliachta inniúil a chur ar an eolas faoi dheireadh na tréimhse innilte.

CAIBIDIL III

Seiceálacha tréidliachta is infheidhme maidir le hallmhairí ó thríú tíortha

A. REACHTAÍOCHT*

* Mura léirítear a mhalairt, ciallóidh aon tagairt do ghníomh an gníomh sin arna leasú roimh an 31 Nollaig 2025.

Déanfar seiceálacha ar allmhairí ó thríú tíortha i gcomhréir le forálacha na ngníomhartha seo a leanas:

| An tAontas Eorpach | An Eilvéis |
|---|---|
| 1. Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') (IO L 84, 31.3.2016, lgh. 1–208) agus na gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme bunaithe ar an Rialachán seo arna nglacadh faoin 31 Nollaig 2025;<br>2. Le haghaidh forálacha maidir le rialuithe oifigiúla arna ndéanamh ag na húdaráis inniúla chun comhlíonadh na rialacha a leagtar síos sa Chaibidil seo a fhíorú: Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó | 1. Reacht an 18 Samhain 2015 lena rialaítear trádáil lena mbaineann allmhairiú, idirthuras agus onnmhairiú ainmhithe agus táirgí ainmhithe le tríú tíortha (OITE-PT; RS 916.443.10);<br>2. Reacht DFI an 18 Samhain 2015 lena rialaítear trádáil le tríú tíortha a bhaineann le hallmhairiú, idirthuras agus onnmhairiú ainmhithe agus táirgí ainmhithe (OITE-PT-DFI; RS 916.443.106);<br>3. Reacht an 28 Samhain 2014 maidir le hallmhairiú, idirthuras agus onnmhairiú peataí (OITE-AC; RS 916.443.14);<br>4. Reacht an 30 Deireadh Fómhair 1985 maidir leis na táillí a thoibhíonn an Oifig Chónaidhme um Shábháilteacht Bia agus Tréidliachta (Reacht maidir le Táillí OSAV; RS 916.472);<br>5. Reacht an 18 Lúnasa 2004 maidir le táirgí íocshláinte tréidliachta (OMédV; RS 812.212.27). |

| An tAontas Eorpach | An Eilvéis |
|---|---|
| Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) (IO L 95, 7.4.2017, lgh. 1–142):<br>3. Treoir 96/22/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 1996 a bhaineann le toirmeasc ar shubstaintí áirithe a ngabhann gníomhaíocht hormónach nó thíreastatach leo, agus ar bhéite-agónaithe, a úsáid i bhfeirmeoireacht stoic agus lena n-aisghairtear Treoracha 81/602/CEE, 88/146/CEE agus 88/299/CEE (IO L 125, 23.5.1996, lch. 3).<br>4. Airteagal 118 de Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le táirgí íocshláinte tréidliachta agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/82/CE (IO L 4, 7.1.2019, lch. 43). | |

B. RIALACHA CUR CHUN FEIDHME

1. Chun críocha Airteagal 59 agus Airteagal 60 de Rialachán (AE) 2017/625 a chur i bhfeidhm, foilseofar liostaí phoist rialaithe teorann Bhallstáit den Aontas Eorpach le haghaidh seiceálacha tréidliachta ar ainmhithe beo ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh.

2. Chun Airteagail 59 agus 60 de Rialachán (AE) 2017/625 a chur chun feidhme, is iad seo a leanas na poist cigireachta teorann don Eilvéis:

| Eagraíocht | Cód TRACES | Cineál ceadúnais |
|---|---|---|
| Aerfort Zürich | CHZRH4 | LA-O* |
| Aerfort Ginéive | CHGVA4 | LA-O* |

* Faoi threoir na gcatagóirí formheasa a shainítear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1014 ón gCoimisiún an 12 Meitheamh 2019 chun rialacha mionsonraithe a leagan síos maidir le híoscheanglais do phoist rialaithe teorann, lena n-áirítear lárionaid chigireachta, agus maidir leis an bhformáid, na catagóirí agus na giorrúcháin le húsáid chun poist rialaithe teorann agus poist rialaithe a liostú (IO L 165, 21.6.2019, lch. 10-22).

Beidh an Comhchoiste Tréidliachta freagrach as aon leasú a dhéanfar ina dhiaidh sin ar liosta na bpost cigireachta teorann, ar a n-ionaid chigireachta agus ar a gcineál formheasa.

3. Is faoi fhreagracht an Chomhchoiste Tréidliachta a dhéanfar cigireachtaí, go háirithe i gcomhréir le hAirteagal 116 de Rialachán (CE) Uimh. 2017/625 agus le hAirteagal 57 den Dlí maidir le galair eipeasótacha.

4. Déanfaidh an Oifig Chónaidhme um Shábháilteacht Bia agus Tréidliachta na coinníollacha allmhairiúcháin dá dtagraítear i bhFoscríbhinn 3 a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo agus na bearta cur chun feidhme a chur i bhfeidhm go comhuaineach le Ballstáit den Aontas Eorpach.

Féadfaidh an Oifig Chónaidhme um Shábháilteacht Bia agus Tréidliachta bearta níos sriantaí a ghlacadh agus ráthaíochtaí breise a éileamh. Tionólfar comhairliúcháin laistigh den Chomhchoiste Tréidliachta chun teacht ar réitigh oiriúnacha.

Tabharfaidh an Oifig Chónaidhme um Shábháilteacht Bia agus Tréidliachta agus Ballstáit den Aontas Eorpach fógra dá chéile faoi na coinníollacha sonracha allmhairiúcháin a bhunaítear go déthaobhach, ar coinníollacha iad nach bhfuil comhchuibhithe ar leibhéal an Aontais.

5. Ag na poist chigireachta teorann i mBallstáit den Aontas Eorpach dá dtagraítear i bpointe 1 den Roinn seo, seiceálfar allmhairí ó thríú tíortha atá ceaptha don Eilvéis i gcomhréir le Roinn A den Chaibidil seo.

6. Seiceálfaidh poist chigireachta teorann na hEilvéise a luaitear i bpointe 2 allmhairí ó thríú tíortha atá dírithe ar Bhallstáit den Aontas Eorpach i gcomhréir le Roinn A den Chaibidil seo.

7. Ní mheasfar an Eilvéis a bheith ina tríú tír chun críocha Airteagal 118 de Rialachán (AE) 2019/6 go dtí an 1 Iúil 2028.

Déanfaidh an Comhchoiste Tréidliachta an mhír seo a athbhreithniú roimh an 1 Iúil 2028.’.

**CAIBIDIL IV**

Forálacha sonracha

1. BEOSTOC A SHAINAITHINT

A. REACHTAÍOCHT*

* Mura léirítear a mhalairt, ciallóidh aon tagairt do ghníomh an gníomh sin arna leasú roimh an 31 Nollaig 2025.

Déanfar seiceálacha ar allmhairí ó thríú tíortha i gcomhréir le forálacha na ngníomhartha seo a leanas:

| An tAontas Eorpach | An Eilvéis |
|---|---|
| 1. Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') (IO L 84, 31.3.2016, lgh. 1–208) agus na gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme bunaithe ar an Rialachán seo arna nglacadh faoin 31 Nollaig 2025;<br>2. Le haghaidh forálacha maidir le rialuithe oifigiúla arna ndéanamh ag na húdaráis inniúla chun comhlíonadh na rialacha dá dtagraítear sa Roinn seo a fhíorú:<br>Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus | 1. Reacht an 27 Meitheamh 1995 maidir le galair eipeasótacha (OFE; RS 916.401), agus go háirithe Airteagail 7 go 15*f* (clárú agus sainaithint) de;<br>2. Reacht an 3 Samhain 2021 maidir le Identitas SA agus an bunachar sonraí maidir le gáinneáil ar ainmhithe (OId-BDTA; RS 916.404.1). |

| | |
|---|---|
| Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) (IO L 95, 7.4.2017, lgh. 1–142). | |

## 2. LEAS AINMHITHE

### A. REACHTAÍOCHT*

* Mura léirítear a mhalairt, ciallóidh aon tagairt do ghníomh an gníomh sin arna leasú roimh an 31 Nollaig 2025.

| An tAontas Eorpach | An Eilvéis |
|---|---|
| 1. Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 an 22 Nollaig 2004 ón gComhairle maidir le hainmhithe a chosaint le linn iompair agus le linn oibríochtaí gaolmhara agus lena leasaítear Treoir 64/432/CEE agus Treoir 93/119/CE agus Rialachán (CE) Uimh. 1255/97 (IO L 3, 5.1.2005, lch. 1).<br>2. Rialachán (CE) Uimh. 1255/97 ón gComhairle an 25 Meitheamh 1997 maidir le critéir Chomhphobail le haghaidh poist rialaithe agus lena leasaítear an plean bealaigh dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 91/628/CEE (IO L 174, 2.7.1997, lch. 1).<br>3. Le haghaidh forálacha maidir le rialuithe oifigiúla arna ndéanamh ag na húdaráis inniúla chun comhlíonadh na rialacha dá dtagraítear sa Roinn seo a fhíorú:<br>Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle, agus lena | 1. Dlí Cónaidhme an 16 Nollaig 2005 maidir le cosaint ainmhithe (LPA; RS 455), agus go háirithe Airteagail 15 agus 15*a* (prionsabail, iompar idirnáisiúnta ainmhithe);<br>2. Reacht an 23 Aibreán 2008 maidir le cosaint ainmhithe (OPAn; RS 455.1), agus go háirithe Airteagail 169 go 176 (iompar idirnáisiúnta ainmhithe). |

| | |
|---|---|
| n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) (IO L 95, 7.4.2017, lgh. 1–142). | |

## B. RIALACHA CUR CHUN FEIDHME

a) Gabhann údaráis na hEilvéise orthu féin forálacha Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 a chomhlíonadh maidir le trádáil idir an Eilvéis agus an tAontas Eorpach agus maidir le hallmhairí ó thríú tíortha.

b) Déanfar cigireachtaí faoi fhreagracht an Chomhchoiste Tréidliachta i gcomhréir, go háirithe, le hAirteagal 116 de Rialachán (CE) Uimh 2017/625 agus le hAirteagal 208 den Reacht an 23 Aibreán 2008 maidir le cosaint ainmhithe (OPAn; RS 455.1).

c) De bhun fhorálacha Airteagal 15*a,* fomhír 3 de Dhlí Cónaidhme an 16 Nollaig 2005 maidir le cosaint ainmhithe (LPA; RS 455), is d'iarnród nó d'eitleán amháin a údaraítear bó-ainmhithe, caoirigh, gabhair agus muca, capaill lena marú seamlais agus éanlaith chlóis lena marú seamlais a iompar tríd an Eilvéis. Scrúdóidh an Comhchoiste Tréidliachta an t-ábhar seo.

## 3. TÁILLÍ

1. Ní ghearrfar aon táillí ar sheiceálacha tréidliachta a dhéantar sa trádáil idir Ballstáit den Aontas Eorpach agus an Eilvéis.

2. Is iad na húdaráis tréidliachta a sheasfaidh na táillí dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le seiceálacha tréidliachta ar allmhairí ó thríú tíortha.’.

## IARSCRÍBHINN V

Cuirfear an méid seo a leanas in ionad Fhoscríbhinn 6 a ghabhann le hIarscríbhinn 11 a ghabhann leis an gComhaontú Talmhaíochta:

‘Foscríbhinn 6

Táirgí ainmhithe

CAIBIDIL I

Earnálacha ina bhfuil an t-aitheantas coibhéise frithpháirteach

‘Táirgí ainmhithe lena gcaitheamh ag an duine’

Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag sainmhínithe Rialachán (CE) Uimh. 853/2004.

Mura léirítear a mhalairt, ciallóidh aon tagairt do ghníomh an gníomh sin arna leasú roimh an 31 Nollaig 2025.

| | Onnmhairí ón Aontas Eorpach chuig an Eilvéis agus onnmhairí ón Eilvéis chuig an Aontas Eorpach | | |
|---|---|---|---|
| | Téarmaí tráchtála | | Coibhéis |
| | An tAontas Eorpach | An Eilvéis | |
| *Sláinte ainmhithe* | | | |
| 1. Feoil úr lena n-áirítear feoil mhionaithe, ullmhóidí feola, táirgí feola, saillte neamhphróiseáilte agus saillte leáite | | | |
| Crúbaigh chlóis<br>Dlúthchrúbaigh intíre | Rialachán (AE) 2016/429<br>Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 | Dlí an 1 Iúil 1966 maidir le galair eipeasótacha (LFE; RS 916.40)<br>Reacht an 27 Meitheamh 1995 maidir le galair eipeasótacha (OFE; RS 916.401) | Coibhéiseach[1] |
| | | | |
| 2. Feoil géim shaothraithe, ullmhóidí feola agus táirgí feola | | | |
| Mamaigh talún saothraithe seachas iad siúd a luaitear thuas | Rialachán (AE) 2016/429<br>Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 | Dlí an 1 Iúil 1966 maidir le galair eipeasótacha (LFE; RS 916.40)<br>Reacht an 27 Meitheamh 1995 maidir le galair eipeasótacha (OFE; RS 916.401) | Coibhéiseach |

| | Onnmhairí ón Aontas Eorpach chuig an Eilvéis agus onnmhairí ón Eilvéis chuig an Aontas Eorpach | | |
|---|---|---|---|
| | Téarmaí tráchtála | | Coibhéis |
| | An tAontas Eorpach | An Eilvéis | |
| Raitítigh fheirmshaothraithe<br>Giorriaigh | Rialachán (AE) 2016/429 | | Coibhéiseach |
| 3. Feoil géim fhiáin, ullmhóidí feola agus táirgí feola | | | |
| Crúbaigh fhiáine<br>Giorriaigh<br>mamaigh talún eile<br>Géim fiáin chléiteach | Rialachán (AE) 2016/429<br>Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 | Dlí an 1 Iúil 1966 maidir le galair eipeasótacha (LFE; RS 916.40)<br>Reacht an 27 Meitheamh 1995 maidir le galair eipeasótacha (OFE; RS 916.401) | Coibhéiseach |
| 4. Feoil úr éanlaithe clóis, ullmhóidí feola, táirgí feola, saillte agus saillte leáite | | | |
| Éanlaith chlóis | Rialachán (AE) 2016/429 | Dlí an 1 Iúil 1966 maidir le galair eipeasótacha (LFE; RS 916.40)<br>Reacht an 27 Meitheamh 1995 maidir le galair eipeasótacha (OFE; RS 916.401) | Coibhéiseach |
| 5. Goilí, lamhnáin agus inní | | | |
| Bó-ainmhithe<br>Ainmhithe de chineál caorach agus de chineál gabhair<br>Muc-ainmhithe | Rialachán (AE) 2016/429 Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 | Dlí an 1 Iúil 1966 maidir le galair eipeasótacha (LFE; RS 916.40)<br>Reacht an 27 Meitheamh 1995 maidir le galair eipeasótacha (OFE; RS 916.401) | Coibhéiseach[1] |
| 6. Cnámha agus táirgí cnámh | | | |
| Crúbaigh chlóis<br>Dlúthchrúbaigh intíre<br>Mamaigh talún feirme nó fhiáine eile<br>Éanlaith chlóis, raitítigh agus géim fiáin chleiteach | Rialachán (AE) 2016/429 Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 | Dlí an 1 Iúil 1966 maidir le galair eipeasótacha (LFE; RS 916.40)<br>Reacht an 27 Meitheamh 1995 maidir le galair eipeasótacha (OFE; RS 916.401) | Coibhéiseach[1] |

| | Onnmhairí ón Aontas Eorpach chuig an Eilvéis agus onnmhairí ón Eilvéis chuig an Aontas Eorpach | | |
|---|---|---|---|
| | Téarmaí tráchtála | | Coibhéis |
| | An tAontas Eorpach | An Eilvéis | |
| 7. Próitéiní ainmhíocha próiseáilte, fuil agus táirgí fola | | | |
| Crúbaigh chlóis<br>Dlúthchrúbaigh intíre<br>Mamaigh talún feirme nó fhiáine eile<br>Éanlaith chlóis, raitítigh agus géim<br>fhiáin, chleiteach | Rialachán (AE) 2016/429 Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 | Dlí an 1 Iúil 1966 maidir le galair eipeasótacha (LFE; RS 916.40)<br>Reacht an 27 Meitheamh 1995 maidir le galair eipeasótacha (OFE; RS 916.401) | Coibhéiseach[1] |
| 8. Geilitín agus collaigin | | | |
| | Rialachán (AE) 2016/429 Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 | Dlí an 1 Iúil 1966 maidir le galair eipeasótacha (LFE; RS 916.40)<br>Reacht an 27 Meitheamh 1995 maidir le galair eipeasótacha (OFE; RS 916.401) | Coibhéiseach[1] |
| 9. Bainne agus táirgí déiríochta | | | |
| | Rialachán (AE) 2016/429 | Dlí an 1 Iúil 1966 maidir le galair eipeasótacha (LFE; RS 916.40)<br>Reacht an 27 Meitheamh 1995 maidir le galair eipeasótacha (OFE; RS 916.401) | Coibhéiseach |
| 10. Uibheacha agus táirgí uibhe | | | |
| | Rialachán (AE) 2016/429 | Dlí an 1 Iúil 1966 maidir le galair eipeasótacha (LFE; RS 916.40)<br>Reacht an 27 Meitheamh 1995 maidir le galair eipeasótacha (OFE; RS 916.401) | Coibhéiseach |
| 11. Táirgí iascaigh, moilisc dhébhlaoscacha, eicínideirmigh, túinicigh agus gastrapóid mhuirí | | | |
| | Rialachán (AE) 2016/429 | Dlí an 1 Iúil 1966 maidir le galair eipeasótacha (LFE; RS 916.40)<br>Reacht an 27 Meitheamh 1995 maidir le galair eipeasótacha (OFE; RS 916.401) | Coibhéiseach |
| 12. Mil | | | |
| | Rialachán (AE) 2016/429 | Dlí an 1 Iúil 1966 maidir le galair eipeasótacha (LFE; RS 916.40)<br>Reacht an 27 Meitheamh 1995 maidir le galair eipeasótacha (OFE; RS 916.401) | Coibhéiseach |

| | Onnmhairí ón Aontas Eorpach chuig an Eilvéis agus onnmhairí ón Eilvéis chuig an Aontas Eorpach | | |
|---|---|---|---|
| | Téarmaí tráchtála | | Coibhéis |
| | An tAontas Eorpach | An Eilvéis | |
| 13. Seilidí agus cosa froig | | | |
| | Rialachán (AE) 2016/429 | Dlí an 1 Iúil 1966 maidir le galair eipeasótacha (LFE; RS 916.40)<br>Reacht an 27 Meitheamh 1995 maidir le galair eipeasótacha (OFE; RS 916.401) | Coibhéiseac h |

[1] Féadfaidh an Comhchoiste Tréidliachta athbhreithniú a dhéanamh ar aithint cosúlachtaí sa reachtaíocht lena rialaítear faireachán ar ESITanna in ainmhithe de chineál caorach agus de chineál gabhair.

Mura léirítear a mhalairt, ciallóidh aon tagairt do ghníomh an gníomh sin arna leasú roimh an 31 Nollaig 2025.

| Onnmhairí ón Aontas Eorpach chuig an Eilvéis agus onnmhairí ón Eilvéis chuig an Aontas Eorpach | | |
|---|---|---|
| Téarmaí tráchtála | | Coibhéis |
| An tAontas Eorpach | An Eilvéis | |
| *Sláinte phoiblí* | | |
| Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2001 lena leagtar síos rialacha maidir le heinceifileapaití spúinseacha in-tarchurtha áirithe a chosc, a rialú agus a dhíothú (IO L 147, 31.5.2001, lch. 1).<br>Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le sláinteachas bia-ábhair (IO L 139, 30.4.2004, lch. 1).<br>Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 lena leagtar síos rialacha sonracha sláinteachais le haghaidh bia de bhunadh ainmhíoch (IO L 139, 30.4.2004, lch. 55).<br>Maidir le forálacha i ndáil le rialuithe oifigiúla arna ndéanamh ag na húdaráis inniúla chun comhlíonadh rialacha an tslabhra agraibhia maidir le táirgí ainmhithe a fhíorú:<br>Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004, agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) (IO L 95, 7.4.2017, lch. 1). | Reacht an 27 Meitheamh 1995 maidir le galair eipeasótacha (OFE; RS 916.401).<br>Reacht an 23 Samhain 2005 maidir le táirgeadh príomhúil (OPPr; RS 916.020).<br>Reacht DEFR an 23 Samhain 2005 maidir le sláinteachas i dtáirgeadh príomhúil (OHyPPr; RS 916.020.1).<br>An Reacht ón DFI an 23 Samhain 2005 maidir le sláinteachas le linn marú seamlais beostoic (OHyAb; RS 817.190.1).<br>Ordú ó DFI an 23 Samhain 2005 maidir le sláinteachas i dtáirgeadh déiríochta (OHyPL; RS 916.351.021.1).<br>Reacht an 23 Aibreán 2008 maidir le cosaint ainmhithe (OPAn; RS 455.1).<br>Reacht an 20 Deireadh Fómhair 2010 maidir le rialú bainne (OCL; RS 916.351.0).<br>Reacht an 16 Samhain 2011 maidir le bunoiliúint, oiliúint as a dtiocfaidh cáilíochtaí agus oiliúint leanúnach do dhaoine atá ag obair sa tSeirbhís Tréidliachta Phoiblí (RS 916.402).<br>Acht Cónaidhme an 20 Meitheamh 2014 maidir le hearraí bia agus táirgí tomhaltais (Dlí maidir le hearraí bia, LDAl; RS 817.0).<br>Reacht an 16 Nollaig 2016 maidir le marú seamlais beostoc agus seiceálacha ar fheoil (OabCV; RS 817.190).<br>Reacht an 16 Nollaig 2016 maidir le hearraí bia agus táirgí tomhaltais (ODAlOUs; RS 817.02).<br>Reacht DFI an 16 Nollaig 2016 maidir le sláinteachas i ngníomhaíochtaí a bhaineann le bia (Reacht DFI maidir le Sláinteachas, OHyg; RS 817.024.1).<br>Reacht DFI an 16 Nollaig 2016 maidir le hearraí bia de bhunadh ainmhíoch (ODAlAn; RS 817.022.108).<br>Reacht an 27 Bealtaine 2020 maidir le cur chun feidhme na reachtaíochta maidir le hearraí bia (OELDAl; RS 817.042). | Coibhéiseach, faoi réir coinníollach a speisialta |

| Onnmhairí ón Aontas Eorpach chuig an Eilvéis agus onnmhairí ón Eilvéis chuig an Aontas Eorpach | | |
|---|---|---|
| Téarmaí tráchtála | | Coibhéis |
| An tAontas Eorpach | An Eilvéis | |
| Rialachán (CE) Uimh. 2073/2005 ón gCoimisiún an 15 Samhain 2005 maidir le critéir mhicribhitheolaíocha le haghaidh earraí bia (IO L 338, 22.12.2005, lch. 1). | | |

| Onnmhairí ón Aontas Eorpach chuig an Eilvéis agus onnmhairí ón Eilvéis chuig an Aontas Eorpach | | |
|---|---|---|
| Téarmaí tráchtála | | Coibhéis |
| An tAontas Eorpach | An Eilvéis | |
| Rialachán (CE) Uimh. 2074/2005 ón gCoimisiún an 5 Nollaig 2005 lena leagtar síos bearta cur chun feidhme maidir le táirgí áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus maidir le rialuithe oifigiúla a eagrú faoi Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, de mhaolú ar Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 853/2004 agus (CE) Uimh. 854/2004 (IO L 338 22.12.2005, lch. 27).<br>Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1375 ón gCoimisiún an 10 Lúnasa 2015 lena leagtar síos rialacha sonracha maidir le rialuithe oifigiúla le haghaidh Trichinella i bhfeoil (IO L 212, 11.8.2015, lch. 7). | | |
| *Ainmhithe a chosaint* | | |
| Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 2009 maidir le hainmhithe a chosaint tráth an mharaithe (IO L 303, 18.11.2009, lch. 1). | Dlí Cónaidhme an 16 Nollaig 2005 maidir le cosaint ainmhithe (LPA; RS 455).<br>Reacht an 23 Aibreán 2008 maidir le cosaint ainmhithe (OPAn; RS 455.1).<br>Reacht OSAV an 8 Samhain 2021 maidir le cosaint ainmhithe tráth an mharaithe (OPAnAb; RS 455.110.2).<br>Reacht an 16 Nollaig 2016 maidir le marú seamlais beostoc agus seiceálacha ar fheoil (OabCV; RS 817.190). | Coibhéiseach, faoi réir coinníollacha speisialta |

Rialacha cur chun feidhme agus coinníollacha speisialta

1) Tá an Eilvéis comhtháite sa chóras bainistíochta faisnéise le haghaidh rialuithe oifigiúla agus a comhpháirteanna uile, mar a shainmhínítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715 ón gCoimisiún. Ainmneoidh an Eilvéis pointe teagmhála chun na críche sin.

2) Ní aistreofar táirgí ainmhithe atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine a thrádáiltear idir Ballstáit den Aontas Eorpach agus an Eilvéis ach amháin faoi na coinníollacha céanna le táirgí ainmhithe atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine a thrádáiltear idir Ballstáit den Aontas Eorpach, agus a mhéid a bhaineann le cosaint ainmhithe tráth an mharaithe freisin. I gcás inar gá, beidh na deimhnithe sláinte is gá le haghaidh trádáil idir Ballstáit den Aontas Eorpach ag gabháil leis na táirgí sin nó na deimhnithe sláinte a shainítear san Iarscríbhinn seo agus atá ar fáil i gcóras TRACES.

3) Tarraingeoidh an Eilvéis suas liosta dá bunaíochtaí arna bhformheas i gcomhréir le hAirteagal 45 (bunaíochtaí a chlárú/a fhormheas) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715.

4) Maidir lena hallmhairí, cuirfidh an Eilvéis na forálacha céanna i bhfeidhm is atá infheidhme ar leibhéal an Aontais.

5) Gabhann údaráis na hEilvéise orthu féin go mbeidh conablaigh agus feoil ó mhucra clóis a chuirtear ar an margadh san Aontas Eorpach faoi réir scrúdú le haghaidh Trichinella i gcónaí.

6) Na modhanna braite a thuairiscítear i gCaibidlí I agus II d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1375 ón gCoimisiún is iad sin a úsáidfear san Eilvéis le haghaidh scrúduithe Trichinella.

7) De bhun Airteagal 8 (míreanna 1(a) agus 3 de Reacht DFI an 23 Samhain 2005 maidir le sláinteachas le linn marú seamlais ainmhithe (OHyAb; RS 817.190.1) agus Airteagal 10 (mír 8) de Reacht DFI an 16 Nollaig 2016 maidir le hearraí bia de bhunadh ainmhíoch (ODAlAn; RS 817.022.108), conablaigh agus feoil ó mhucra clóis a choimeádtar lena ramhrú agus lena marú seamlais chomh maith le hullmhóidí feola, táirgí feola agus táirgí próiseáilte díorthaithe díobh nach bhfuil beartaithe lena gcur ar an margadh san Aontas Eorpach, déanfar iad a mharcáil le stampa sláinte speisialta i gcomhréir leis an múnla caighdeánach a shonraítear san fhomhír dheireanach d'Iarscríbhinn 9 a ghabhann le Reacht DFI an 23 Samhain 2005 maidir le sláinteachas le linn marú seamlais beostoic (OHyAb; RS 817.190.1).

Ní fhéadfar na táirgí sin a thrádáil le Ballstáit den Aontas Eorpach, i gcomhréir le forálacha Airteagal 10 de Reacht DFI an 16 Nollaig 2016.

8) De bhun fhorálacha Airteagal 2 de Reacht DFI an 16 Nollaig 2016 maidir le sláinteachas i ngníomhaíochtaí a bhaineann le bia (Reacht DFI maidir le Sláinteachas, OHyg; RS 817.024.1), féadfaidh údaráis inniúla na hEilvéise, i gcásanna áirithe, eisceachtaí ar Airteagail 8, 10 agus 14 den Reacht seo a cheadú:

a) chun freastal ar riachtanais bunaíochtaí atá lonnaithe i réigiúin shléibhtiúla, de bhun Dhlí Cónaidhme an 6 Deireadh Fómhair 2006 maidir le beartas réigiúnach (RS 901.0) agus Reacht an 28 Samhain 2007 maidir le beartas réigiúnach (OPR; RS 901.021)

   Gabhann údaráis inniúla na hEilvéise orthu féin fógra a thabhairt don Choimisiún trí nós imeachta i scríbhinn faoi na coigeartuithe sin. San fhógra:

   – déanfar tuairisc mhionsonraithe a sholáthar ar na forálacha a measann údaráis inniúla na hEilvéise go bhfuil gá le coigeartú ina leith, agus a léireofar cineál an choigeartaithe atá i gceist;
   – tabharfar tuairisc ar na hearraí bia agus ar na bunaíochtaí lena mbaineann,
   – míneofar forais an choigeartaithe (lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, achoimre ar an anailís riosca a rinneadh a sholáthar agus lena léirítear aon bheart is gá chun a áirithiú nach gcuirfidh an coigeartú isteach ar chuspóirí Reacht DFI an 16 Nollaig 2016 maidir le sláinteachas i ngníomhaíochtaí a bhaineann le bia (Reacht DFI maidir le Sláinteachas, OHyg; RS 817.024.1);
   – tabharfar aon fhaisnéis ábhartha eile.

   Beidh 3 mhí ag an gCoimisiún agus ag Ballstáit den Aontas Eorpach ón bhfógra a fháil chun a mbarúlacha i scríbhinn a thíolacadh. Más gá, tionólfar an Comhchoiste Tréidliachta;

b) chun bianna a bhfuil saintréithe traidisiúnta acu a tháirgeadh.

Gabhann údaráis inniúla na hEilvéise orthu féin fógra a thabhairt don Choimisiún trí nós imeachta i scríbhinn faoi na coigeartuithe sin 12 mhí ar a dhéanaí tar éis na maoluithe aonair nó ginearálta a dheonú. Maidir le gach fógra:

– tabharfar tuairisc ghairid ar na ceanglais a oiriúnaíodh,
– tabharfar tuairisc ar na hearraí bia agus ar na bunaíochtaí lena mbaineann; agus
– tabharfar aon fhaisnéis ábhartha eile.

9) Cuirfidh an Coimisiún an Eilvéis ar an eolas faoi na maoluithe agus na coigeartuithe arna gcur i bhfeidhm i mBallstáit den Aontas Eorpach faoi Airteagal 13 de Rialachán (CE) Uimh. 852/2004, Airteagal 10 de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 agus Airteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 2074/2005.

10) Déanfaidh saotharlanna tagartha an Aontais Eorpaigh faisnéis a fhoilsiú maidir le hiarmhair táirgí íocshláinte tréidliachta agus éilleáin i mbia de bhunadh ainmhíoch ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh i gcomhréir le hAirteagal 99 de Rialachán (AE) 2017/625.
Íocfaidh an Eilvéis na costais a bhfuil sí faoi dhliteanas ina leith as oibríochtaí a dhéanann na saotharlanna sa cháil thuas. Is iad feidhmeanna agus cúraimí na saotharlann sin na feidhmeanna agus na cúraimí sin a leagtar síos in Airteagal 94 de Rialachán (AE) 2017/625.
Foilseofar an liosta de shaotharlanna tagartha náisiúnta le haghaidh na hEilvéise ar shuíomh gréasáin na hOifige Cónaidhme um Shábháilteacht Bia agus um Thréidliacht.

11) Go dtí go n-aithneofar ailíniú reachtaíocht an Aontais Eorpaigh agus reachtaíocht na hEilvéise, maidir le honnmhairí chuig an Aontas Eorpach, déanfaidh an Eilvéis faireachán ar chomhlíonadh na ngníomhartha a liostaítear thíos agus a dtéacsanna cur chun feidhme:

1. Rialachán (CEE) Uimh. 315/93 ón gComhairle an 8 Feabhra 1993 lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail maidir le héilleáin i mbia (IO L 37, 13.2.1993, lch. 1);

2. Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 872/2012 ón gCoimisiún an 1 Deireadh Fómhair 2012 lena nglactar an liosta de shubstaintí blaistithe dá bhforáiltear le Rialachán (CE) Uimh. 2232/96 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, lena dtugtar isteach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1334/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle é agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE)

Uimh. 1565/2000 ón gCoimisiún agus Cinneadh 1999/217/CE ón gCoimisiún (IO L 267, 2.10.2012, lch. 1);

3. Treoir 96/22/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 1996 a bhaineann le toirmeasc ar shubstaintí áirithe a ngabhann gníomhaíocht hormónach nó thíreastatach leo, agus ar bhéite-agónaithe, a úsáid i bhfeirmeoireacht stoic agus lena n-aisghairtear Treoracha 81/602/CEE, 88/146/CEE agus 88/299/CEE (IO L 125, 23.5.1996, lch. 3);

4. Treoir 1999/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Feabhra 1999 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le bia agus comhábhair bhia arna gcóireáil le radaíocht ianúcháin (IO L 66, 13.3.1999, lch. 16);

5. Treoir 1999/3/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Feabhra 1999 maidir le liosta Comhphobail de bhianna agus de chomhábhair bhia atá cóireáilte le radaíocht ianúcháin a bhunú (IO L 66, 13.3.1999, lch. 24);

6. Cinneadh 2002/840/CE an 23 Deireadh Fómhair 2002 lena nglactar an liosta d’áiseanna ceadaithe i dtríú tíortha chun bianna a ionradú (IO L 287, 25.10.2002, lch. 40);

7. Rialachán (CE) Uimh. 2065/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Samhain 2003 maidir le blastáin deataigh a úsáidtear nó atá ceaptha lena n-úsáid i mbianna nó ar bhianna (IO L 309, 26.11.2003, lch. 1);

8. Rialachán (AE) 2023/915 ón gCoimisiún an 25 Aibreán 2023 maidir le huasleibhéil le haghaidh éilleáin áirithe i mbia agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 (IO L 119, 5.5.2023, lgh. 103–157);

9. Rialachán (CE) Uimh. 1332/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le heinsímí bia agus lena leasaítear Treoir 83/417/CEE ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1493/1999 ón gComhairle, Treoir 2000/13/CE, Treoir 2001/112/CE ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 258/97 (IO L 354, 31.12.2008, lch. 7);

10. Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le breiseáin bhia (IO L 354, 31.12.2008, lch. 16);

11. Rialachán (CE) Uimh. 1334/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le blastáin agus maidir le comhábhair áirithe bia a bhfuil airíonna blaistithe acu agus atá le húsáid i mbianna agus ar bhianna agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1601/91 ón gComhairle, Rialachán (CE)

Uimh. 2232/96 agus Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 agus Treoir 2000/13/CE (IO L 354, 31.12.2008, lch. 34);

12. Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ón gCoimisiún an 9 Márta 2012 lena leagtar síos sonraíochtaí le haghaidh breiseáin bhia a liostaítear in Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 83, 22.3.2012, lch. 1);

13. Treoir 2009/32/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le tuaslagóirí eastósctha a úsáidtear i dtáirgeadh earraí bia agus comhábhar bia (IO L 141, 6.6.2009, lch. 3);

14. Rialachán (CE) Uimh. 470/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail chun teorainneacha na n-iarmhar a bhunú do shubstaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de i mbia-ábhair de thionscnamh ainmhíoch, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2377/90 ón gComhairle agus lena leasaítear Treoir 2001/82/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 152, 16.6.2009, lch. 11).

12) Cuirfidh an Eilvéis na forálacha céanna i bhfeidhm agus atá in Airteagal 107 (cé is moite de mhír 6) de Rialachán (AE) 2019/6, i gcomhar le hAirteagal 37(5) de maidir le húsáid táirgí íocshláinte frithmhiocróbacha in ainmhithe atá beartaithe lena dtáirgeadh, i gcomhréir lena reachtaíocht a liostaítear i Ranna I. Ainmhithe talún agus II. Ainmhithe dobharshaothraithe agus táirgí dobharshaothraithe d'Fhoscríbhinn 2 a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.

I bhfianaise fhorálacha an dá roinn dá dtagraítear thuas, ní mheasfar an Eilvéis a bheith ina tríú tír chun críocha Airteagal 118 de Rialachán (AE) 2019/6 go dtí an 1 Iúil 2028.

Cuirfidh sé an Comhchoiste Tréidliachta ar an eolas láithreach faoi aon athruithe breise ar a reachtaíocht maidir le hábhair fhrithmhiocróbacha atá beartaithe le haghaidh ainmhithe táirgthe.

Déanfaidh an Comhchoiste Tréidliachta an mhír seo a athbhreithniú roimh an 1 Iúil 2028.

‘Seachtháirgí ainmhithe (nach bhfuil ceaptha lena gcaitheamh ag an duine)’

Onnmhairí ón Aontas Eorpach chuig an Eilvéis agus onnmhairí ón Eilvéis chuig an Aontas Eorpach

<table>
<tr><th colspan="3">Onnmhairí ón Aontas Eorpach chuig an Eilvéis agus onnmhairí ón Eilvéis chuig an Aontas Eorpach</th></tr>
<tr><th colspan="2">Téarmaí tráchtála</th><th rowspan="2">Coibhéis</th></tr>
<tr><th>An tAontas Eorpach*</th><th>An Eilvéis*</th></tr>
<tr><td colspan="2">* Mura léirítear a mhalairt, ciallóidh aon tagairt do ghníomh an gníomh sin arna leasú roimh Dé Máirt an 31 Nollaig 2014.</td><td rowspan="2">Coibhéiseach, faoi réir coinníollacha speisialta</td></tr>
<tr><td>1. Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2001 lena leagtar síos rialacha maidir le heinceifileapaití spúinseacha in-tarchurtha áirithe a chosc, a rialú agus a dhíothú (IO L 147, 31.5.2001, lch. 1).<br>2. Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena leagtar síos rialacha sláinte maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1774/2002 (Rialachán maidir le seachtháirgí ainmhithe) (IO L 300, 14.11.2009, lch. 1).<br>3. Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 ón gCoimisiún an 25 Feabhra 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha sláinte maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine agus lena gcuirtear chun feidhme Treoir 97/78/CE ón gComhairle maidir le samplaí agus ítimí atá díolmhaithe ó sheiceálacha tréidliachta ag an teorainn faoin treoir sin (IO L 54, 26.2.2011, lch. 1).</td><td>1. Reacht an 23 Samhain 2005 maidir le beostoc a mharú agus feoil a sheiceáil (OAbCV; RS 817.190);<br>2. An Reacht ón DFI an 23 Samhain 2005 maidir le sláinteachas le linn marú seamlais beostoic (OHyAb RS 817.190.1);<br>3. Reacht an 27 Meitheamh 1995 maidir le galair eipeasótacha (OFE; RS 916.401);<br>4. Reacht an 18 Aibreán 2007 maidir le hallmhairiú, idirthuras agus onnmhairiú ainmhithe agus táirgí ainmhithe (OITE; RS 916.443.10);<br>5. Reacht an 25 Bealtaine 2011 maidir le seachtháirgí ainmhithe a dhiúscairt (OESPA; RS 916.441.22).</td></tr>
</table>

Coinníollacha speisialta

Maidir lena hallmhairí, cuireann an Eilvéis na forálacha céanna i bhfeidhm agus atá faoi Airteagail 25 go 28 agus 30 go 31 agus faoi Iarscríbhinní XIV agus XV (deimhnithe) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011, i gcomhréir le hAirteagail 41 agus 42 de Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009.

Is le hAirteagal 48 de Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 a rialófar an trádáil in ábhair de Chatagóir 1 agus de Chatagóir 2.

Na doiciméid tráchtála agus na deimhnithe sláinte dá bhforáiltear i gCaibidil III d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 agus le hAirteagail 21 agus 48 de Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009, beidh siad ag gabháil le hábhair de Chatagóir 3 a thrádáiltear idir Ballstáit den Aontas Eorpach agus an Eilvéis.

De bhun Theideal II, Caibidil I, Roinn 2 de Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 agus Caibidil IV agus Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011, déanfaidh an Eilvéis liosta dá bunaíochtaí comhfhreagracha a tharraingt suas.

CAIBIDIL II

Earnálacha seachas na hearnálacha a chumhdaítear le Caibidil I

Onnmhairí ón Aontas Eorpach chuig an Eilvéis agus onnmhairí ón Eilvéis chuig an Aontas Eorpach

Beidh na honnmhairí sin faoi réir na gcoinníollacha céanna le trádáil laistigh den Aontas. Mar sin féin, más ábhartha, eiseoidh na húdaráis inniúla deimhniú lena bhfianófar comhlíonadh na gcoinníollacha sin chun gabháil le coinsíneachtaí.

Más gá, pléifear múnlaí do dheimhnithe sa Chomhchoiste Tréidliachta.’.

## IARSCRÍBHINN VI

Cuirfear an méid seo a leanas in ionad Fhoscríbhinn 10 a ghabhann le hIarscríbhinn 11 a ghabhann leis an gComhaontú Talmhaíochta:

'Foscríbhinn 10

Táirgí ainmhithe: seiceálacha teorann agus íocaíocht táillí

CAIBIDIL I

Forálacha ginearálta

A. REACHTAÍOCHT*

* Mura léirítear a mhalairt, ciallóidh aon tagairt do ghníomh an gníomh sin arna leasú roimh an 31 Nollaig 2025.

| An tAontas Eorpach | An Eilvéis |
|---|---|
| 1. Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i dtaca le sábháilteacht bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1);<br>2. Le haghaidh forálacha maidir le rialuithe oifigiúla arna ndéanamh ag na húdaráis inniúla chun comhlíonadh na rialacha dá dtagraítear sa Chaibidil seo a fhíorú: Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa | 1. Dlí an 1 Iúil 1966 maidir le galair eipeasótacha (LFE; RS 916.40), agus go háirithe Airteagal 57 de;<br>2. Reacht an 18 Samhain 2015 lena rialaítear trádáil lena mbaineann allmhairiú, idirthuras agus onnmhairiú ainmhithe agus táirgí ainmhithe le tríú tíortha (OITE-PT; RS 916.443.10);<br>3. Reacht DFI an 18 Samhain 2015 lena rialaítear trádáil le tríú tíortha a bhaineann le hallmhairiú, idirthuras agus onnmhairiú ainmhithe agus táirgí ainmhithe (OITE-PT-DFI; RS 916.443.106);<br>4. Reacht an 30 Deireadh Fómhair 1985 maidir leis na táillí a thoibhíonn an Oifig Chónaidhme um Shábháilteacht Bia agus Tréidliachta (Reacht maidir le Táillí OSAV; RS 916.472). |

| | |
|---|---|
| agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004, agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) (IO L 95, 7.4.2017, lch. 1):<br>3. Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715 ón gCoimisiún an 30 Meán Fómhair 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le feidhmiú an chórais bainistíochta faisnéise do rialuithe oifigiúla agus comhpháirteanna a chórais (Rialachán CBFRO) (IO L 261, 14.10.2019, lch. 37). | |

## B. RIALACHA CUR CHUN FEIDHME

1. Tá an Eilvéis comhtháite sa chóras bainistíochta faisnéise le haghaidh rialuithe oifigiúla agus a comhpháirteanna uile, mar a shainmhínítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715 ón gCoimisiún. Ainmneoidh an Eilvéis pointe teagmhála chun na críche sin.

   Más gá, leagfar síos bearta idirthréimhseacha sa Chomhchoiste Tréidliachta.

2. Tabharfaidh na Páirtithe cúnamh riaracháin frithpháirteach dá chéile i gcomhréir le hAirteagail 104 go 107 de Rialachán (AE) 2017/625 chun cur i bhfeidhm cuí na Foscríbhinne seo a áirithiú. Beidh an Comhchoiste Tréidliachta freagrach as Airteagal 108 de Rialachán (AE) 2017/625 a chur i bhfeidhm.

CAIBIDIL II

Seiceálacha tréidliachta is infheidhme maidir le trádáil idir Ballstáit den Aontas Eorpach agus an Eilvéis

A. REACHTAÍOCHT*

* Mura léirítear a mhalairt, ciallóidh aon tagairt do ghníomh an gníomh sin arna leasú roimh an 31 Nollaig 2025.

Déanfar seiceálacha tréidliachta is infheidhme maidir le trádáil idir Ballstáit den Aontas Eorpach agus an Eilvéis i gcomhréir leis na forálacha thíos:

| An tAontas Eorpach | An Eilvéis |
|---|---|
| 1. Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe (‘Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe’) (IO L 84, 31.3.2016, lgh. 1–208) agus na gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme atá bunaithe ar an Rialachán seo arna nglacadh faoin 31 Nollaig 2025;<br>2. Le haghaidh forálacha maidir le rialuithe oifigiúla arna ndéanamh ag na húdaráis inniúla chun comhlíonadh na rialacha dá dtagraítear sa Chaibidil seo a fhíorú: Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle, agus | 1. Dlí an 1 Iúil 1966 maidir le galair eipeasótacha (LFE; RS 916.40), agus go háirithe Airteagal 57 de;<br>2. Reacht an 18 Samhain 2015 lena rialaítear trádáil a bhaineann le hallmhairiú, idirthuras agus onnmhairiú ainmhithe agus táirgí ainmhithe le Ballstáit den Aontas Eorpach, leis an Íoslainn, leis an Iorua agus le Tuaisceart Éireann (OITE-AE; RS 916.443.11);<br>3. Reacht DFI an 18 Samhain 2015 lena rialaítear trádáil a bhaineann le hallmhairiú, idirthuras agus onnmhairiú ainmhithe agus táirgí ainmhithe le Ballstáit an Aontais, leis an Íoslainn, leis an Iorua agus le Tuaisceart Éireann (OITE-EU-DFI; RS 916.443.111);<br>4. Reacht an 28 Samhain 2014 maidir le hallmhairiú, idirthuras agus onnmhairiú peataí (OITE-AC; RS 916.443.14);<br>5. Reacht an 30 Deireadh Fómhair 1985 maidir leis na táillí a thoibhíonn an Oifig Chónaidhme um Shábháilteacht Bia agus Tréidliachta (Reacht maidir le Táillí OSAV; RS 916.472). |

| | |
|---|---|
| lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) (IO L 95, 7.4.2017, lgh. 1–142);<br>3. Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715 ón gCoimisiún an 30 Meán Fómhair 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le feidhmiú an chórais bainistíochta faisnéise do rialuithe oifigiúla agus comhpháirteanna an chórais (Rialachán CBFRO) (IO L 261, 14.10.2019, lgh. 37–9). | |

## B. RIALACHA CUR CHUN FEIDHME

Sna cásanna dá bhforáiltear in Airteagail 102 agus 104 go 107 de Rialachán (AE) 2017/625, déanfaidh údaráis inniúla an chinn scríbe teagmháil le húdaráis inniúla an chinn scríbe gan mhoill. Déanfaidh siad gach beart is gá agus tabharfaidh siad fógra don údarás inniúil faoin áit seolta agus don Choimisiún faoi chineál na seiceálacha a rinneadh, faoi na cinntí a rinneadh agus faoi na cúiseanna atá leis na cinntí sin.

CAIBIDIL III

Seiceálacha tréidliachta is infheidhme maidir le hallmhairí ó thríú tíortha

## A. REACHTAÍOCHT*

* Mura léirítear a mhalairt, ciallóidh aon tagairt do ghníomh an gníomh sin arna leasú roimh an 31 Nollaig 2025.

Déanfar seiceálacha ar allmhairí ó thríú tíortha i gcomhréir leis na forálacha dá dtagraítear thíos:

| An tAontas Eorpach | An Eilvéis |
|---|---|
| 1. Le haghaidh forálacha maidir le rialuithe oifigiúla arna ndéanamh ag na húdaráis inniúla chun comhlíonadh na rialacha dá dtagraítear sa Chaibidil seo a fhíorú: Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) (IO L 95, 7.4.2017, lgh. 1–142); | 1. Dlí an 1 Iúil 1966 maidir le galair eipeasótacha (LFE; RS 916.40), agus go háirithe Airteagal 57 de;<br>2. Reacht an 18 Samhain 2015 lena rialaítear trádáil lena mbaineann allmhairiú, idirthuras agus onnmhairiú ainmhithe agus táirgí ainmhithe le tríú tíortha (OITE-PT; RS 916.443.10);<br>3. Reacht DFI an 18 Samhain 2015 lena rialaítear trádáil le tríú tíortha a bhaineann le hallmhairiú, idirthuras agus onnmhairiú ainmhithe agus táirgí ainmhithe (OITE-PT-DFI; RS 916.443.106);<br>4. Reacht an 28 Samhain 2014 maidir le hallmhairiú, idirthuras agus onnmhairiú peataí (OITE-AC; RS 916.443.14);<br>5. Reacht an 30 Deireadh Fómhair 1985 maidir leis na táillí a thoibhíonn an Oifig Chónaidhme um Shábháilteacht Bia agus Tréidliachta (Reacht maidir le Táillí OSAV; RS 916.472);<br>6. Acht Cónaidhme an 20 Meitheamh 2014 maidir le hearraí bia agus táirgí tomhaltais (Dlí maidir le hearraí bia, LDAl; RS 817.0);<br>7. Reacht an 16 Nollaig 2016 maidir le hearraí bia agus táirgí tomhaltais (ODAlOUs, RS 817.02);<br>8. Reacht an 27 Bealtaine 2020 maidir le cur chun feidhme na reachtaíochta maidir le hearraí bia (OELDAl; RS 817.042); |
| 2. Treoir 96/22/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 1996 a bhaineann le | 9. Reacht DFI an 16 Nollaig 2016 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i dtáirgí |

| An tAontas Eorpach | An Eilvéis |
|---|---|
| toirmeasc ar shubstaintí áirithe a ngabhann gníomhaíocht hormónach nó thíreastatach leo, agus ar bhéite-agónaithe, a úsáid i bhfeirmeoireacht stoic agus lena n-aisghairtear Treoracha 81/602/CEE, 88/146/CEE agus 88/299/CEE (IO L 125, 23.5.1996, lch. 3);<br>3. Cinneadh 2002/657/CE ón gCoimisiún an 12 Lúnasa 2002 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 96/23/CE ón gComhairle maidir le modhanna anailíse a fheidhmiú agus torthaí a léirmhíniú (IO L 221, 17.8.2002, lch. 8);<br>4. Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe (‘Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe’) (IO L 84, 31.3.2016, lgh. 1–208) agus na gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme atá bunaithe ar an Rialachán seo arna nglacadh faoin 31 Nollaig 2025;<br>5. Rialachán (CE) Uimh. 470/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail chun teorainneacha na n-iarmhar a bhunú do shubstaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de i mbia-ábhair de thionscnamh ainmhíoch, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2377/90 ón gComhairle agus lena leasaítear Treoir 2001/82/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 152, 16.6.2009, lch. 11).<br>6. Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2020 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) 2016/429 agus (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le samhlacha de | de bhunadh plandaí nó ainmhíoch nó ar tháirgí den sórt sin (OPOVA; RS 817.021.23). |

| An tAontas Eorpach | An Eilvéis |
|---|---|
| dheimhnithe sláinte ainmhithe, samhlacha de dheimhnithe oifigiúla agus samhlacha de dheimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla, maidir le coinsíneachtaí catagóirí áirithe ainmhithe agus earraí a theacht isteach san Aontas agus a ngluaiseachtaí laistigh den Aontas, deimhniú oifigiúil maidir leis na deimhnithe sin agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 599/2004, Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 636/2014 agus (AE) 2019/628, Treoir 98/68/CE agus Cinntí 2000/572/CE, 2003/779/CE agus 2007/240/CE (IO L 442, 30.12.2020, lch. 1);<br>7. Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2236 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2020 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) 2016/429 agus (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha maidir le coinsíneachtaí de chatagóirí áirithe ainmhithe uisceacha agus táirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch ó ainmhithe uisceacha a bheith ag teacht isteach san Aontas agus ag gluaiseacht laistigh den Aontas, a mhéid a bhaineann le deimhniúchán oifigiúil maidir leis na deimhnithe sin agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1251/2008 (IO L 442, 30.12.2020, lch. 410);<br>8. Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 ón gCoimisiún an 18 Márta 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) 2016/429 agus (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha agus deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla caighdeánacha, maidir le coinsíneachtaí de chatagóirí áirithe ainmhithe talún agus a dtáirgí geirmeacha , deimhniúchán oifigiúil maidir leis na deimhnithe sin a thabhairt isteach san Aontas agus maidir lena ngluaiseachtaí | |

| An tAontas Eorpach | An Eilvéis |
|---|---|
| idir na Ballstáit, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2010/470/AE (IO L 113, 31.3.2021, lch. 1). | |

B. RIALACHA CUR CHUN FEIDHME

1. Chun críocha Airteagail 59 agus 60 de Rialachán (AE) 2017/625 a chur i bhfeidhm, foilseofar liostaí na bpost rialaithe teorann i mBallstáit den Aontas Eorpach ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh.

2. Chun Airteagail 59 agus 60 de Rialachán (AE) 2017/625 a chur chun feidhme, is iad seo a leanas na poist cigireachta teorann don Eilvéis:

| Eagraíocht | Cód TRACES | Cineál ceadúnais |
|---|---|---|
| Aerfort Zürich | CHZRH4 | POA-NHC(2)*<br>POA-HC(2)* |
| Aerfort Ginéive | CHGVA4 | POA-NHC(2)*<br>POA-HC(2)* |

* Faoi threoir na gcatagóirí formheasa a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1014

Beidh an Comhchoiste Tréidliachta freagrach as aon leasú a dhéanfar ina dhiaidh sin ar liosta na bpost cigireachta teorann, ar a n-ionaid chigireachta agus ar a gcineál formheasa.

3. Is faoi fhreagracht an Chomhchoiste Tréidliachta a dhéanfar cigireachtaí, go háirithe i gcomhréir le hAirteagal 116 de Rialachán (CE) Uimh. 2017/625 agus le hAirteagal 57 den Dlí maidir le galair eipeasótacha.

## CAIBIDIL IV

### Ceanglais sláinte agus ceanglais rialaithe a bhaineann le trádáil idir an tAontas Eorpach agus an Eilvéis

I gcás earnálacha ina bhfuil an t-aitheantas coibhéise frithpháirteach, aistreofar táirgí ainmhithe a thrádáiltear idir Ballstáit den Aontas Eorpach agus an Eilvéis faoi na coinníollacha céanna le táirgí a thrádáiltear idir Ballstáit den Aontas Eorpach. I gcás inar gá, beidh na deimhnithe sláinte is gá le haghaidh trádáil idir Ballstáit den Aontas Eorpach ag gabháil leis na táirgí sin nó na deimhnithe sláinte a shainítear san Iarscríbhinn seo agus atá ar fáil i gcóras TRACES.

I gcás na n-earnálacha eile, leanfaidh na ceanglais sláinte a leagtar síos i gCaibidil II d'Fhoscríbhinn 6 d'fheidhm a bheith acu.

CAIBIDIL V

Ceanglais sláinte agus ceanglais rialaithe a bhaineann le hallmhairí ó thríú tíortha

I. AN tAONTAS EORPACH – REACHTAÍOCHT

A. Rialacha sláinte poiblí*

* Mura léirítear a mhalairt, ciallóidh aon tagairt do ghníomh an gníomh sin arna leasú roimh an 31 Nollaig 2025.

1. Treoir 2009/32/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le tuaslagóirí eastósctha a úsáidtear i dtáirgeadh earraí bia agus comhábhar bia (IO L 141, 6.6.2009, lch. 3)

2. Rialachán (CE) Uimh. 1334/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le blastáin agus maidir le comhábhair áirithe bia a bhfuil airíonna blaistithe acu agus atá le húsáid i mbianna agus ar bhianna agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1601/91 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 2232/96 agus Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 agus Treoir 2000/13/CE (IO L 354, 31.12.2008, lch. 34).

3. Rialachán (CE) Uimh. 470/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail chun teorainneacha na n-iarmhar a bhunú do shubstaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de i mbia-ábhair de thionscnamh ainmhíoch, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2377/90 ón gComhairle agus lena leasaítear Treoir 2001/82/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 152, 16.6.2009, lch. 11).

4. Rialachán (CEE) Uimh. 315/93 ón gComhairle an 8 Feabhra 1993 lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail maidir le héilleáin i mbia (IO L 37, 13.2.1993, lch. 1).

5. Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le breiseáin bhia (IO L 354, 31.12.2008, lch. 16).

6. Treoir 96/22/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 1996 a bhaineann le toirmeasc ar shubstaintí áirithe a ngabhann gníomhaíocht hormónach nó thíreastatach leo, agus ar bhéite-agónaithe, a úsáid i bhfeirmeoireacht stoic agus lena n-aisghairtear Treoracha 81/602/CEE, 88/146/CEE agus 88/299/CEE (IO L 125, 23.5.1996, lch. 3).

7. Le haghaidh forálacha maidir le rialuithe oifigiúla arna ndéanamh ag na húdaráis inniúla chun comhlíonadh na rialacha dá dtagraítear sa Chaibidil seo a fhíorú:

Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (IO L 95, 7.4.2017, lch. 1).

8. Treoir 1999/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Feabhra 1999 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le bia agus

comhábhair bhia arna gcóireáil le radaíocht ianúcháin (IO L 66, 13.3.1999, lch. 16).

9. Treoir 1999/3/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Feabhra 1999 maidir le liosta Comhphobail de bhianna agus de chomhábhair bhia atá cóireáilte le radaíocht ianúcháin a bhunú (IO L 66, 13.3.1999, lch. 24);

10. Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2001 lena leagtar síos rialacha maidir le heinceifileapaití spúinseacha in-tarchurtha áirithe a chosc, a rialú agus a dhíothú (IO L 147, 31.5.2001, lch. 1).

11. Rialachán (CE) Uimh. 2160/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Samhain 2003 maidir le rialú salmonella agus oibreáin zónóiseacha bia-iompartha sonraithe eile (IO L 325, 12.12.2003, lch. 1).

12. Rialachán (CE) Uimh. 2065/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Samhain 2003 maidir le blastáin deataigh a úsáidtear nó atá ceaptha lena n-úsáid i mbianna nó ar bhianna (IO L 309, 26.11.2003, lch. 1).

13. Treoir 2004/41/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 lena n-aisghairtear Treoracha áirithe a bhaineann le sláinteachas bia agus coinníollacha sláinte chun táirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine a tháirgeadh agus a chur ar an margadh agus lena leasaítear Treoir 89/662/CEE ón gComhairle agus Treoir 92/118/CEE ón gComhairle agus Cinneadh 95/408/CE ón gComhairle (IO L 157, 30.4.2004, lch. 33).

14. Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 lena leagtar síos rialacha sonracha sláinteachais le haghaidh bia de bhunadh ainmhíoch (IO L 139, 30.4.2004, lch. 55).

15. Rialachán (CE) Uimh. 401/2006 ón gCoimisiún an 23 Feabhra 2006 lena leagtar síos na modhanna samplála agus anailíse chun rialú oifigiúil a dhéanamh ar na leibhéil míceatocsainí in earraí bia (IO L 070, 9.3.2006, lch. 12).

16. Rialachán (AE) 2017/644 an 5 Aibreán 2017 ón gCoimisiún lena leagtar síos modhanna samplála agus anailíse chun rialú a dhéanamh ar na leibhéil dé-ocsainí, PCBanna de chineál dé-ocsaine agus PCBanna neamh-dhé-ocsainiúla i

mbia-ábhair áirithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 589/2014 (IO L 92, 6.4.2017, lch. 9).

17. Rialachán (CE) Uimh. 333/2007 ón gCoimisiún an 28 Márta 2007 lena leagtar síos na modhanna samplála agus anailíse le haghaidh rialú oifigiúil ar leibhéil luaidhe, caidmiam, mearcair, stáin neamhorgánaigh, 3-MCPD agus hidreacarbóin il-timthriallacha aramatacha (IO L 88, 29.3.2007, lch. 29).

18. Airteagal 118 de Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le táirgí íocshláinte tréidliachta agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/82/CE (IO L 4, 7.1.2019, lch. 43).

B. Rialacha maidir le sláinte ainmhithe*

* Mura léirítear a mhalairt, ciallóidh aon tagairt do ghníomh an gníomh sin arna leasú roimh an 31 Nollaig 2025.

1. Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') (IO L 84, 31.3.2016, lgh. 1–208) agus na gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme atá bunaithe ar an Rialachán seo faoin 31 Nollaig 2025.

2. Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2001 lena leagtar síos rialacha maidir le heinceifileapaití spúinseacha in-tarchurtha áirithe a chosc, a rialú agus a dhíothú (IO L 147, 31.5.2001, lch. 1).

3. Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena leagtar síos rialacha sláinte maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1774/2002 (IO L 300, 14.11.2009, lch. 1).

4. Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 ón gCoimisiún an 25 Feabhra 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha sláinte maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine agus lena gcuirtear chun feidhme Treoir 97/78/CE ón gComhairle maidir

le samplaí agus míreanna áirithe atá díolmhaithe ó sheiceálacha tréidliachta ag an teorainn faoin Treoir sin (IO L 54, 26.2.2011, lch. 1).

C. Bearta sonracha eile*

* Mura léirítear a mhalairt, ciallóidh aon tagairt do ghníomh an gníomh sin arna leasú roimh Dé Máirt an 31 Nollaig 2014.

1. Comhaontú Eatramhach maidir le haontas trádála agus custaim idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Poblacht San Mairíne — Dearbhú Comhpháirteach — Dearbhú ón gComhphobal (IO L 359, 9.12.1992, lch. 14).

2. Cinneadh 94/1/CEGC, CE ón gComhairle agus ón gCoimisiún an 13 Nollaig 1993 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch idir na Comhphobail Eorpacha, a mBallstáit agus Poblacht na hOstaire, Poblacht na Fionlainne, Poblacht na hÍoslainne, Prionsacht Lichtinstéin, Ríocht na hIorua, Ríocht na Sualainne agus Cónaidhm na hEilvéise (IO L 1, 3.1.1994, lch. 1).

3. Cinneadh 97/132/CE ón gComhairle an 17 Nollaig 1996 maidir le cur i gcrích an Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus an Nua-Shéalainn maidir le bearta sláinteachais is infheidhme maidir le trádáil in ainmhithe beo agus i dtáirgí ó ainmhithe (IO L 57, 26.2.1997, lch. 4).

4. Cinneadh 97/345/CE ón gComhairle an 17 Feabhra 1997 maidir le tabhairt i gcrích Prótacail ar chúrsaí tréidliachta lena bhforlíontar an Comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Prionsacht Andóra (IO L 148, 6.6.1997, lch. 15).

5. Cinneadh 98/258/CE ón gComhairle an 16 Márta 1998 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheiriceá maidir le bearta sláintíochta chun sláinte an phobail agus sláinte ainmhithe a chosaint i dtrádáil in ainmhithe beo agus i dtáirgí ainmhí (IO L 118, 21.4.1998, lch. 1).

6. Cinneadh 98/504/CE ón gComhairle an 29 Meitheamh 1998 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Eatramhaigh maidir le trádáil agus ábhair a

bhaineann le trádáil idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus Stáit Aontaithe Mheicsiceo, den pháirt eile (IO L 226, 13.8.1998, lch. 24).

7. Cinneadh 1999/201/CE ón gComhairle an 14 Nollaig 1998 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus Rialtas Cheanada maidir le bearta sláintíochta chun sláinte an phobail agus sláinte ainmhithe a chosaint i ndáil le trádáil in ainmhithe beo agus i dtáirgí ainmhí (IO L 71, 18.3.1999, lch. 1).

8. Cinneadh 1999/778/CE ón gComhairle an 15 Samhain 1999 maidir le tabhairt i gcrích Prótacail ar chúrsaí tréidliachta lena bhforlíontar an Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus Rialtas na Danmhairge agus Rialtas Baile Oileáin Fharó, den pháirt eile (IO L 305, 30.11.1999, lch. 25).

9. Prótacal 1999/1130/CE maidir le cúrsaí tréidliachta lena bhforlíontar an Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus Rialtas na Danmhairge agus Rialtas Baile Oileáin Fharó, den pháirt eile (IO L 305, 30.11.1999, lch. 26).

10. Cinneadh 2002/979/CE ón gComhairle an 18 Samhain 2002 maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach forálacha áirithe de Chomhaontú lena mbunaítear comhlachas idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Sile, den pháirt eile (IO L 352, 30.12.2002, lch. 1).

2. An Eilvéis – Reachtaíocht*

* Mura léirítear a mhalairt, ciallóidh aon tagairt do ghníomh an gníomh sin arna leasú roimh an 31 Nollaig 2025.

A. Reacht an 18 Samhain 2015 lena rialaítear trádáil le tríú tíortha a bhaineann le hallmhairiú, idirthuras agus onnmhairiú tíortha táirgí ainmhithe agus táirgí ainmhithe (OITE-PT; RS 916.443.10).

B. Reacht DFI an 18 Samhain 2015 lena rialaítear trádáil le tríú tíortha a bhaineann le hallmhairiú, idirthuras agus onnmhairiú ainmhithe agus táirgí ainmhithe (OITE-PT-DFI; RS 916.443.106).

3. Bearta cur chun feidhme

A. Déanfaidh an Oifig Chónaidhme um Shábháilteacht Bia agus Tréidliachta, i gcomhthráth le Ballstáit den Aontas Eorpach, na coinníollacha allmhairiúcháin a leagtar amach sna gníomhartha a luaitear i bpointe I den Fhoscríbhinn seo, na bearta cur chun feidhme agus liostaí na mbunaíochtaí óna n-údaraítear na hallmhairí comhfhreagracha a chur i bhfeidhm. Beidh feidhm ag an ngealltanas sin maidir leis na gníomhartha ábhartha uile, gan beann ar dháta a nglactha.

Féadfaidh an Oifig Chónaidhme um Shábháilteacht Bia agus Tréidliachta bearta níos sriantaí a ghlacadh agus ráthaíochtaí breise a éileamh. Tionólfar comhairliúcháin laistigh den Chomhchoiste Tréidliachta chun teacht ar réitigh oiriúnacha.

Tabharfaidh an Oifig Chónaidhme um Shábháilteacht Bia agus Tréidliachta agus Ballstáit den Aontas Eorpach fógra dá chéile faoi na coinníollacha sonracha allmhairiúcháin a bhunaítear go déthaobhach, ar coinníollacha iad nach bhfuil comhchuibhithe ar leibhéal an Aontais.

B. Seiceálfaidh poist chigireachta teorann Bhallstáit den Aontas Eorpach dá dtagraítear i bpointe 1 de Chuid B de Chaibidil III den Fhoscríbhinn seo allmhairí ó thríú tíortha atá ceaptha don Eilvéis i gcomhréir le cuid A de Chaibidil III den Fhoscríbhinn seo.

C. Seiceálfaidh poist chigireachta teorann na hEilvéise a luaitear i bpointe 2 de Chuid B de Chaibidil III den Fhoscríbhinn seo allmhairí ó thríú tíortha atá ceaptha do Bhallstáit den Aontas Eorpach i gcomhréir le cuid A de Chaibidil III den Fhoscríbhinn seo.

D. De bhun fhorálacha Reacht an 18 Samhain 2015 lena rialaítear trádáil a bhaineann le hallmhairiú, idirthuras agus onnmhairiú ainmhithe agus táirgí ainmhithe le tríú tíortha (OITE-PT; RS 916.443.10), coinneoidh Cónaidhm na hEilvéise an fhéidearthacht mairteoil a allmhairiú ó bhó-ainmhithe a bhféadfaí cóireáil a chur orthu le tionscnóirí fáis. Beidh toirmeasc ar fheoil den sórt sin a onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach. Ina theannta sin, déanfaidh Cónaidhm na hEilvéise an méid seo a leanas:

– úsáid feola den sórt sin a teorannú do dhíol díreach ag bunaíochtaí miondíola le tomhaltóirí faoi choinníollacha lipéadaithe iomchuí;
– gan cead a thabhairt an fheoil sin a thabhairt isteach san Eilvéis ach amháin trí phointí cigireachta teorann na hEilvéise;

– córas iomchuí inrianaitheachta agus cainéalaithe a choinneáil ar bun chun aon fhéidearthacht feoil den sórt sin a thabhairt isteach i gcríoch Bhallstáit an Chomhphobail ina dhiaidh sin a chosc,

– tuarascáil a thíolacadh uair sa bhliain don Choimisiún maidir le tionscnamh agus ceann scríbe na n-allmhairí, chomh maith le cuntas ar na seiceálacha a rinneadh chun comhlíonadh na coinníollacha a liostaítear sna fleasca roimhe seo a áirithiú,

– i gcás ina mbeidh ábhair imní ann, scrúdóidh an Comhchoiste Tréidliachta na forálacha sin.

E. Ní mheasfar an Eilvéis a bheith ina tríú tír chun críocha Airteagal 118 de Rialachán (AE) 2019/6 go dtí an 1 Iúil 2028.

Déanfaidh an Comhchoiste Tréidliachta an mhír seo a athbhreithniú roimh an 1 Iúil 2028.

CAIBIDIL VI

Táillí

1. Ní ghearrfar aon táillí as seiceálacha tréidliachta a dhéantar maidir le trádáil idir Ballstáit an Chomhphobail agus an Eilvéis.

2. Gabhann údaráis na hEilvéise orthu féin na táillí dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a bhailiú le haghaidh seiceálacha tréidliachta ar allmhairí ó thríú tíortha.’.